

ACHOIMRE

Tá pleanáil teanga ag dul ar aghaidh in Éirinn ó bhunú an tSaorstáit i 1922. Ba é a bhí mar aidhm léi ag an tráth sin ná Athréimniú na Gaeilge chun go mbeadh an tír uile aonteangach sa Ghaeilge mar a bhí sí roimh chóilíniú. Chun ‘Gaelú’ na hÉireann a thabhairt chun críche díriodh ar an gcóras oideachais d’fhonn inniúlacht sa Ghaeilge a chothú. Ar an mórchóir ba é polasaí an tumoideachais a roghnaíodh agus rialaíodh go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar éigeantach do na scrúduithe teastais ag an leibhéal iar-bhunscoile. Chaith polasaí na héigeantachta go míchothrom le daltaí scoile na tíre agus bhí fadhb éifeachtúlachta leis. Ní nach ionadh gur eascair meon diúltach ina leith. Bhíodhas ag cur i gcoinne an cheanglais do na scrúduithe teastais le fada go dtí gur scaoileadh é sna 1970aidí. Faoin am seo bhí an polasaí ‘Athréimniú’ athraithe go polasaí ‘Dátheangachas’ agus bhí meath mór tagtha ar an tumoideachas féin ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Mhaolaigh forás na nGaelscoileanna, gluaiseacht tumoideachais a d’eascair ó na daoine féin déine an mheatha beagán. Ní raibh ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge roimh bhunú ghluaiseacht na nGaelscoileanna ach grúpa a raibh dlúthbhaint acu leis an nGaeilge le fada. Ach glactar leis anois go bhfuil tacaíocht don tumoideachas ag teacht ó dhaoine a fuair roinnt áirithe tumoideachais iad féin agus freisin ó dhaoine a d’fhoghlaim an Ghaeilge mar ábhar caighdeánach sa churaclam.

Taiscéalann an staidéar seo meonta i leith fhoghlaim na Gaeilge i measc tuismitheoirí, grúpa amháin acu a chuir a leanaí go Gaelscoil agus grúpa eile a bhfuil oideachas á chur ar a leanaí trí mheán an Bhéarla i nGnáthscoil. Úsáidtear ceistneoir modhnaithe ón Deascán Trialach um Dhearcadh/ Inspreagadh le Gardner (1985). Cuireann sonraí cáilíochtúla ó agallaimh leathstruchtúrtha leis na torthaí cainíochtúla. Go ginearálta léiríonn na torthaí an tábhacht atá le meon tuismitheoirí maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais.

STAIÉAR AR MHEON I LEITH NA GAEILGE ÉIGEANTAÍ

Máiréad Nic Ealagóid

Tráchtas á chur isteach mar pháirt-chomhlíonadh ar riachtanais chéim
MA sa Chleachtas Dátheangach



Fiontar
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
2007

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar atáim a thíolacadh le haghaidh measúnachta mar chuid den chlár staidéir don chéim MA sa Chleachtas Dhátheangach agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs mo shaothair.

Scoil :	Fiontar
Ainm an Iarrthóra:	Máiréad Nic Ealagóid
Uimh.ID:	55214670
Stiúrthóir:	An tOllamh Mícheál Ó Cróinín
Sínithe:	<i>Máiréad Nic Ealagóid</i>
Dáta:	20 Lúnasa 2007

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo stiúrthóir an tOllamh Mícheál Ó Cróinín as ucht a chuid cabhrach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann Fiontar as ucht na taithí taithneamhaí a bhí agam leis an gcúrsa.

Go speisialta ba mhaith liom focal buíochais a chur chuig rannpháirtithe an staidéir, na tuismitheoirí a chomhlíon an ceistneoir agus na tuismitheoirí a thoiligh don agallamh.

Táim an-bhuíoch don dá phríomhoide a bhí chomh fial fáilteach roimh an staidéar agus a thug an oiread sin tacaíochta dom. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil leo as láthair a chur ar fáil do na hagallaimh agus as eagrú an sceidil i leith na n-agallamh.

Mar bhuille scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chlann agus le mo chairde as ucht a gcuid tacaíochta go léir.

CLÁR

Réamhrá	1
1. Athbhreithniú Litríochta	4
1.1. Pleanáil Teanga	4
<i>1.1.1 Múnla Pleanála</i>	4
<i>1.1.2 Meon i leith na Gaeilge sa chóras oideachais</i>	6
<i>1.1.3 Cumas sa teanga</i>	10
<i>1.1.4 Úsáid na Gaeilge</i>	14
<i>1.1.5 Aistriú idirghlúineach agus cothú na pobalteanga</i>	15
<i>1.1.6 1.1.6 Éifeacht Ghinearálta na Pleanála</i>	16
<i>1.1.7 Éifeacht na Pleanála ar Chothabháil na Gaeilge</i>	18
1.2 Taighde um Mheonta i leith Teangacha	19
<i>1.2.1 Sainmhíniú, Comhbhaill, Gnéithe Meoin agus Inspreagadh</i>	19
<i>1.2.2 Tomhas Meoin</i>	22
1.3 Staidéir ar Mheon i leith Teanga	23
<i>1.3.1 Staidéir éagsúla</i>	23
<i>1.3.2 Na Suirbhéanna Náisiúnta agus staidéar ar Ghaelscoileanna</i>	26
2. Modheolaíocht	32
3. Torthaí	38
<i>3.1 Torthaí Cainíochtúla</i>	38
<i>3.2 Torthaí Cáilíochtúla</i>	53
4. Plé agus Conclúid	63

Réamhrá

Is beag an mhaith é comhionannas a dheonú do ghrúpa (mionlach nó eile) go foirmiúil mura bhfuil bearta níos dearfa ina theannta chun a chinntiú go leanfaidh an grúpa de bheith ann agus de bheith ag forbairt go nádúrtha (Ó Máille 1990 l 23).

D'fhéadfaí an feachtas um Athbheochan na Gaeilge a rangú mar idirdhealú dearfach ar son na teanga náisiúnta (Castellino 2003). Tá polasaí na héigeantachta san oideachas mar chuid den ghníomhaíocht dhearfach sin. Ag bunú an Stáit nuair a bhí an phleanáil dírithe ar Athréimniú na Gaeilge i dtreo is go mbeadh an tír uile ina stát aonteangach Gaeilge, leagadh amach go hoifigiúil go gcaithfí tosú ar an Ghaeilge a úsáid mar mheán teagaisc sna bunscoileanna agus mar ábhar éigeantach sna hiar-bhunscoileanna. Bhí ceanglas Gaeilge sna Scrúdaithe Teastais agus bronnadh marcanna breise ar aon iarrthóir a dhéanfadh an scrúdú trí mheán na Gaeilge. Ar an mórchóir lean an teagasc trí mheán na Gaeilge ag méadú go dtí na 1950idí, ag meath uaidh sin go deireadh na 1970aidí agus ag méadú go han-mhall arís ansin (Ó Riain 1994 l 50). Diaidh ar ndiaidh méadaíodh ar theagasc na Gaeilge mar ábhar caighdeánach amháin sa rang Gaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal.

San am céanna cailleadh cuid den díogras i leith fheidhmiú pholasaí na hAthbheochana de réir mar a ionannaíodh an Ghaeilge mar fhéiniúlacht náisiúnta le critéir eile. Sna 1960idí athraíodh aidhm na hAthbheochana ó Athréimniú go Dátheangachas. Lean an aimhréir idir polasaí na héigeantachta san oideachas agus ról siombalach na teanga sa saol mór. Ar an mórchóir ní raibh deis úsáide le fáil chun an inniúlacht a bhí gnóthaithe sa chóras oideachais a chur i bhfeidhm i bhfíor-chumarsáid.

Bhí céatadán áirithe den daonra ag cur i gcoinne pholasaí na héigeantachta san oideachas iar-bhunscoile i gcónaí. Sna 1970aidí tar éis feachtais ina haghaidh, scaoileadh déine na héigeantachta san oideachas iar-bhunscoile i dtreo is nár ghá

a thuilleadh pas a fháil sa Ghaeilge sna scrúduithe Teastais. Chabhraigh sé sin le feabhas a chur ar an meon i leith na Gaeilge. Ó shin i leith caithfear Gaeilge iar-bhunscoile a fhoghlaim mar ábhar lárnach an churaclaim gan ghá aon scrúdú teastais a dhéanamh inti más mian.

Admhaítear go forleathan go gcothaíonn polasaí na héigeantachta sa Ghaeilge líon súntasach cainteoirí Gaeilge ach ní thiontaítear an inniúlacht seo go haistriú idirghlúineach chun dátheangaigh phríomhúla a chruthú. Séard atá ag tarlú ná go gcothaíonn an córas oideachais cainteoirí Gaeilge as an nua i ngach glúin. Go traidisiúnta bhí dlúthbhaint idir gach glún cainteoirí as a chéile agus an Ghaeilge sa bhaile, nó ar scoil trí mhéid suntasach d'ábhair scoile a fhoghlaim trí mheán na Gaeilge. Ach anall ó na 1970aidí nuair a d'eascair gluaiseacht na nGaelscoileanna i measc na ndaoine, chun tumoideachas a sholáthar, thosaigh tuismitheoirí nach raibh ach íosta-bhaint acu leis an nGaeilge agus iad ar scoil ar a leanaí a chur chuig Gaelscoileanna. Ach d'ainneoin meoin dhearfaigh i leith na Gaeilge mar idé-eolaíocht eitneach tá éadóchas i measc an phobail faoi thodhcaí na Gaeilge agus faoi chomh húsáideach is atá sí sa saol nua-aimseartha, cé go bhfuil maolú beag léirithe san éadóchas céanna le gairid (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1994 l 22). Dar le Ó Fathaigh (1991 l 2) d'fhéadfadh luach níos lú bheith bainteach leis an spreagadh fónaíoch traidisiúnta a bhí ceangailte leis an nGaeilge de bharr laghdú i ról na Gaeilge chun fostaíocht a bhaint amach.

I gcomhthéacs na n-athruithe sóisialta agus eacnamaíochta atá ag titim amach sa tsochaí Éireannach tá sé tráthúil staidéar a dhéanamh ar mheonta i leith na Gaeilge. Sa réimse sochtheangeolaíochta agus socheolaíochta urlabhra leagtar béim ar an gcóras oideachais in abhbheochan teanga mionlaigh. Tá sé mar chuspóir ag an staidéar seo na meonta i leith fhoghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais a thaiscéaladh i measc dhá ghrúpa tuismitheoirí, grúpa amháin a bhfuil a leanaí ag freastal ar Ghaelscoil agus grúpa eile a bhfuil a leanaí ag freastal ar Ghnáthscoil. D'fhéadfadh ceangal comhalartach a bheith idir meonta i leith fhoghlaim na Gaeilge, cumas sa teanga, úsáid na Gaeilge agus deiseanna úsáide. Tá cosúlacht ann freisin go bhfuil ceangal idir na fachtóirí cúlra - aois, inscne,

leibhéal oideachais agus meán teagaisc, agus na hathróa teangeolaíocha. Sa dara cuid den staidéar comhlánaíonn agallaimh leathstruchtúrtha na sonraí cainíochtúla.

Sa staidéar seo úsáidtear an téarma ‘meon’ leis an chiall chéanna le ‘dearcadh’. Tugtar Gaelscoileanna ar scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán teagaisc iontu. Úsáidtear an téarma Lán-Ghaeilge chun cur síos ar scoileanna ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar mheán teagaisc freisin. Tá scoileanna Lán-Ghaeilge ag an leibhéal bunoidreachais agus ag an leibhéal iar-bhunoideachais.

De dheasca aistriú idirghlúineach na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht a bheith chomh híseal tá ról lárnach ag na scoileanna chun cainteoirí Gaeilge a sholáthar (CILAR 1975 l 207, Harris et al. 2006 l 165). Cé go bhfuil fianaise ann nach bhfuil meon mar thuar cinnte ar fhoghlaim teanga ná ar a húsáid tá tábhacht mhór le meon tuismitheoirí i dtaca le hoideachas. Tá impleachtaí ag meon tuismitheoirí do ghnóthachtáil sa Ghaeilge anonn go dtí an chéad ghlúin eile agus do choinneáil na Gaeilge mar ábhar caighdeánach sa chóras oideachais. Dar le CILAR (1975 l 140) is cosúil go bhfuil níos lú rathúlachta le gnóthachtáil sa teanga trí thumoideachas agus freisin le hardghnóthachtáil oideachasúil ghinearálta in éagmais mheon dearfach na dtuismitheoirí. Mar sin trí staidéar a dhéanamh ar mheon tuismitheoirí a bhfuil leanaí i nGaelscoil agus i nGnáthscoil acu gheobhfar léargas ar an rún chun iompraíochta i leith na Gaeilge san oideachas i measc an fho-dhaonra seo. Beidh sé spéisiúil freisin léargas a fháil ar an treocht atá léirithe sa taighde de thuismitheoirí gan cúlra láidir sa Ghaeilge ag cur a leanaí chuig Gaelscoileanna.

1. Athbhreithniú Litríochta

1.1. Pleanáil Teanga

1.1.1 Múnla Pleanála

Níl aon sainmhíniú sonrath de phleanáil teanga atá glactha go huilíoch (Cooper 1989 l 29). I múnla Rabin tá spriocanna seachttheangeolaíoch, leath-theangeolaíoch agus teangeolaíoch, i múnla Haugen tá pleanáil stádais agus pleanáil chorportha agus tá trí chineál de phleanáil rangaithe ag Cooper – pleanáil stádais, pleanáil chorportha agus pleanáil shealbhaithe (Mac Donnacha 2000 l 12).

Tá Mac Donnacha tar éis dhá mhúnla nua a dhearadh. Dar leis (2000 l 12) tá siad bunaithe ar mhúnla gnó chun deighleáil leis an idirghníomhaíocht idir na réimsí éagsúla. Tá an chéad mhúnla, ‘Radharc Trí-Leibhéal de Phleanáil Teanga’ ar thrí leibhéal chliarlathacha - Pleanáil Stádais ar barr, Pleanáil Teanga thíos faoi agus Pleanáil Teanga Feidhmiúla ar bun. Dar le Cooper (1989 l 29) glactar go ginearálta go gciallaíonn pleanáil stádais aithint ón rialtas maraon le dáileadh na teanga d’fheidhmeanna éagsúla cosúil le gnóthaí oifigiúla nó oideachas. Tuigtear go bhfuil cinní údaráisacha maidir le cothabháil, scaipeadh nó cúngú raon na n-úsáidí teanga i limistéir áirithe i gceist le dáileadh teanga.

Feidhmíonn Mac Donnacha brí níos cúinge i dtaca le pleanáil stádais. Tagraíonn sé do chinntí atá polaitiúil de ghnáth agus atá bainteach le stádas na teanga i dtaca leis an teanga eile agus le dáileadh acmhainní le haghaidh na dteangacha. Fágтар na cinní eile d’fheidhmiú stádais agus d’idirghabhálacha cosúil le hathbheochan, hathréimniú, haisiompú, cothabháil agus scaipeadh teanga ag an dara leibhéal, Pleanáil Teanga. Tá an tríú leibhéal gafa le pleanáil an phróisis féin, taighde agus gníomhaíochtaí éagsúla chun iompraíocht daoine i leith na teanga a athrú (Mac Donnacha 2000 l 14-15).

Tá gaol idir an chéad mhúnla agus an dara múnla ‘Múnla Comhtháite de Phleanáil Teanga’ atá ag díriú ar chur chuige comhtháite. Sa Mhúnla Comhtháite de Phleanáil Teanga roinneann Mac Donnacha na gníomhaíochtaí atá ag an dara agus ag an tríú leibhéal den chéad mhúnla in dhá chuid – Príomhghníomhaíochtaí ina gcothaítear meon dearfach, cumas sa teanga, úsáid, cothabháil na pobalteanga agus aistriú idirghlúineach agus Gníomhaíochtaí Tacaíochta cosúil le pleanáil chorportha, taighde, ceisteanna eagraíochtúla agus pleanáil choinbhéirsitheach (Mac Donnacha 2000 l 15-16).

Táim ag úsáid an mhúnla seo, ‘Múnla Comhtháite de Phleanáil Teanga’ chun an meon i leith na Gaeilge éigeantaí sa chóras oideachais a scrúdú i measc dhá ghrúpa tuismitheoirí. Tá an phleanáil stádais don Ghaeilge mar ‘an chéad teanga oifigiúil’ agus a sannadh do réimse an oideachais taobh amuigh den ‘Mhúnla Comhtháite de Phleanáil Teanga’ ach deighleáilann sé le himpleachtaí an chinnidh pholaitiúil sin.

Tá an múnla seo oiriúnach mar soiléiríonn sé meon mar cheann de na príomhathrúga i bpleanáil teanga agus soiléiríonn sé réimsí na bpríomhghníomhaíochtaí atá nasctha le meon, mar atá cumas, úsáid, cothú na pobalteanga agus aistriú idirghlúineach ar féidir tionchar na héigeantachta ar dhearcadh a bhraistint orthu. Toisc go n-aithníonn an múnla seo an idirghaolmhaireacht atá idir na réimsí éascaíonn sé freisin iniúchadh ar an gceangal idir tionchar na héigeantachta sna réimsí eile agus meon. Cé go bhfuil na réimsí seo taobh amuigh den chóras oideachais den chuid is mó tá tionchar ag polasaí na héigeantachta san oideachas orthu. Dar le Mac Donnacha (2000 l 22) má tá an polasaí dírithe ar theascán ar leith de na príomhghníomhaíochtaí tá féidearthacht ann go mbeidh impleachtaí ann do na príomhghníomhaíochtaí go léir.

De ghnáth tá iarracht éigin riachtanach chun cur ina luí ar an spriocdhaonra an phleanáil atá déanta a ghabháil chucu féin. Níl sé cinnte an cóir glacadh le

héigeantacht mar chineál cur chun cinn ach pé scéal é tá éigeantacht teagmhasach ar thoilíú an phobail i gcónaí. Má chuireann an pobal i gcoinne na héigeantachta tarlaíonn éalú, seachaint nó neamhfheidhmiú dá thoradh (Cooper 1989 l 75, 78). Mar sin tá an-tábhacht le feabhsú meoin i bpleanáil teanga.

1.1.2 Meon i leith na Gaeilge sa chóras oideachais

Is minic atá sanas na diúltachta sa mheon i leith na Gaeilge pléite i measc an phobail le blianta fada anuas. Míníonn Cronin foinse steiréitíopa an chainteora Ghaeilge a d'eascair mar thoradh ar chóilíniú na tíre agus mar rogha rómánsúil i gcruthú na féiniúlachta náisiúnta. Dar leis tá an íomhá den Ghaeilgeoir comhdhéanta de dhá ghné d'féiniúlacht na tíre. Tá an chéad ghné bunaithe ar shamhail shaonta De Valera de mhaighdeana slachtmhara agus d'fhir óga lúthchleasacha. Tá an dara gné bunaithe ar íomhá den Ghaeilgeoir oifigiúil mar dhíograiseoir cúngaigeanta.

Is í an steiréitíopa seo faoi ndear iompraíocht áirithe i leith cainteoirí Gaeilge. Ar an gcéad dul síos meastar gur fanaiceach atá i nduine a fhéachann lena chearta a fháil chun labhairt as Gaeilge. Ar an dara dul síos, ag eascairt as an bhfeiniméan siceolaíochta ina nglacann daoine atá faoi chois freagracht as an leatrom a d'imríodh orthu, ceapann na hÍobartaigh gur orthu féin atá an locht as ucht a míchumais. Tá daoine atá buartha ag an meon seo in ísle brí faoin teanga agus cuirtear an milleán ar phobal fuarchúiseach. Is minic cainteoirí ardinniúlachta gafa leis an meon seo agus cleachtaíonn siad

overt grammatical terrorism where beginners are derided into silence for less-than-perfect sentences (Graph 1 16,17).

D'fhoghlaim na glúnta a bhí ar scoil sna 1920idí agus 1930idí Gaeilge le dúthracht nach bhfacthas riamh roimhe nó ó shin (Titley 2004 l 16). Ní dheachaigh an phleanáil teanga i ngleic leis an dúthracht seo do dtí gur tháinig an brú ar deireadh thiar ó na daoine féin cé gur aithin deValera faoi cheann na

1940aidí go raibh aidhmeanna an pholasaí ró-ard agus gur ghin an dígeantacht agus an do-lúbthacht naimhdeas agus fuarchúis (Ó Buachalla 1988 l 351).

D'oibrigh dearcadh na múinteoirí, a bhí i gcoinne múineadh trí theanga nár theanga theaghlaigh í, maraon le dearcadh na dtuismitheoirí féin tionchar ar aigne an phobail agus ar fud na 1930idí agus na 1940aidí léiríodh míshástacht an phobail i leith pholasaí an Athréimnithe. Tharraing an easpa sástachta mífhabhar anuas ar an nGaeilge féin fiú mar ábhar caighdeánach scoile (Ó Huallacháin 1994 lgh 133,135).

I measc an phobail bhí dearcadh ann gur sacadh an Béarla siar i scórnach na ndaoine sna scoileanna sa naoú haois déag ag Rialtas eachtrannach agus anois go raibh an Rialtas dúchais i mbun na hoibre céanna (Shán Ó Cuív luaite i Kelly 2002 l 18). Ba é an bhrí a bhí le 'Gaeilge éigeantach' ar feadh blianta ná an riachtanas pas a fháil sa scrúdú Gaeilge san Ardeistiméireacht. Bhí sé riachtanach pas a fháil sa scrúdú Béarla chomh maith ach is beag doicheadall a thit amach dá bharr i gcomparáid leis siúd a ghin an ceanglas pas a ghnóthú sa Ghaeilge a bhí 'deacair' agus 'ar úsáid níos lú' (Hindley 1990 l 165).

Dar leis an gCoiste Comhairleach Pleanála (1988 l 40) níor oibríodh amach riamh an loighic a bhí taobh thiar de pholasaí na héigeantachta ná níor míníodh i gceart don phobal an fhealsúnacht a bhí leis.

I dtaca le pleanáil teanga tá trí chúis le tábhacht meoin. Is cosúil go spreagann meon dearfach gníomhaíocht i leith na teanga i bhfoirm gníomhaíochta dírí cosúil le foghlaim nó úsáid. D'fhéadfadh meon dearfach gníomhaíocht thánaisteach a spreagadh freisin cosúil le deis fhoghlama a sholáthar nó roghnú oideachais don chlann trí mheán na teanga. Is cosúil go dtéann daoine ar laginniúlacht i muinín gníomhaíochtaí tánaisteacha. Is féidir le meon dearfach tacaíocht mhórálta agus tacaíocht do chostas fheachtas na teanga a chothú i measc an tromlaigh (Mac Donnacha 2000 l 17).

Bhí tábhacht le heitneacht agus cultúr i gcónaí maidir le meon. Dar le Hindley (1990 l 163) spreagann náisiúnachas, tírghrá agus féiniúlacht líon mór daoine taobh amuigh den Ghaeltacht, ach go háirithe daoine proifisiúnta agus intleachtúla sna ceantair uirbeacha ghalldaithe Gaeilge a fhoghlaim agus a mhúineadh dá gclanna agus tacaíocht a thabhairt do pholasaithe ar son na Gaeilge.

Bhí spreagadh fónaíoch le foghlaim na Gaeilge freisin. D'oibrigh sé seo tionchar ar an meon i leith na Gaeilge i measc an phobail uile. Dar le Ó Riagáin (1997 l 238) ó bhunú an tSaorstáit suas go dtí na 1960idí ní raibh gá le hoibrithe ar ardoideachas sa bhfórsa saothair. Freisin bhí sé costasach oideachas a ghnóthú an tráth sin. Ba iad na daoine a tháinig faoi thionchar pholasaí na héigeantachta ag an am ná an uas-aicme arbh acmhainn dóibh íoc as oideachas, agus a bhí in ann Gaeilge a úsáid ar a leas féin chun fostaíocht a ghnóthú sna proifisiúin nó sa Státseirbhís toisc go raibh ceanglas teanga leis na postanna sin.

Dar le Mackey (1977 l 10) chothaigh sé seo doicheall i measc na híosaicme nach raibh in ann Gaeilge a úsáid mar ionstraim dul chun cinn agus nach raibh gá acu léi ach oiread.

Le hathrú pholasaí eacnamaíochta an Rialtais go polasaí déantúsaíochta le fócas idirnáisiúnta sna 1960idí, bhí gá le leibhéal oideachais níos airde agus tugadh isteach saor-oideachas ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta na tíre. Ina dhiaidh sin cuireadh oideachas tríú leibhéal, nach raibh ceanglas teanga ag gabháil leis, ar fáil taobh amuigh den Ollscoil Náisiúnta. Idir an dá linn mhéadaigh deiseanna fostaíochta taobh amuigh de na proifisiúin agus den Státseirbhís (Ó Riagáin (1997 l 239). Sa chaoi sin tháinig laghdú ar an spreagadh fónaíoch a bhí le foghlaim na Gaeilge.

D'athraigh na toscaí thuasluaite beogacht eitnitheangeolaíoch na Gaeilge ó thaobh tacaíochta institiúidí agus stádais shocheacnamaíochta. Tá cur síos ar bheogacht eitnitheangeolaíoch sa mhír faoi Thaighde um Mheonta i leith Teangacha níos faide anonn. Ag eascairt as an athrú beogachta seo tá baol ann go mbeidh níos lú

tábhachta ceangailte leis an idé-eolaíocht atá fabhrach don Ghaeilge mar shiombal féiniúlachta eitneáil. Deir Ó Riagáin (1997 l 239) go bhfuil saincheist faoin tacaíocht idé-eolaíoch don Ghaeilge atá ann anois i measc na n-uasaicmí nach bhfuil ag brath ar an nGaeilge chun fostaíocht nó ardleibhéal oideachais a ghnóthú. Áitíonn an Coiste Comhairleach Pleanála (1988 l 70) de chois na n-athruithe a ghabhann le comhaimsearú, go bhfuil an tacaíocht institiúideach don teanga imithe i laige de bharr meath ar fhostaíocht phoiblí i gcomparáid leis an earnáil phríobháideach, agus freisin go bhfuil athrú i stádas na teanga de thoradh an creatfhráma de ghairmeacha beatha a bheith athraithe agus bunús difriúil a bheith faoi ghnóthachtáil stádais shóisialta. Dar leis (l xxxi) tá idé-eolaíochtaí nua stádais ag teacht chun cinn go háirithe i measc na n-uasghairmeacha sárfheiceálacha tráchtála agus is beag is fiú féiniúlacht eitneach na hÉireann sna múnlaí stádais atá cruthaithe ag an ngrúpa sárfheiceálach seo as luachanna atá seachtrach do chultúr traidisiúnta na tíre den chuid is mó, agus is beag is fiú an Ghaeilge le haghaidh féin-cur-in iúl sna múnlaí stádais seo.

Ní thabharfaidh na múnlaí stádais seo aon bhonn dearfa le tacaíocht don Ghaeilge ná dá húsáid (1988 l xxxi).

Bhí tuairim ann go gcothódh nua-aoiseacht aonchineálachas cultúir agus cé gur tharla sé seo go pointe, tá athbheochan sa tábhacht a shanntar le héagsúlacht chultúrtha i measc na dtíortha is mó forbairt (Tovey, Hannan agus Abramson 1989 lgh 10, 11). Dar le Ó Croidheáin (2006 l 198) sa dara leath den 20^ú haois spreag tionsclaíocht idirnáisiúnta agus an chomhpháirtíocht bhreise sa Chomhphobal Eorpach aonchineálachas cultúir in Éirinn ach d'eascair suim nua sa Ghaeilge mar shiombal de shainchultúr difriúil ar leith laistigh den Mhór-Roinn. Léiríodh an suim nua seo i ngluaiseacht na nGaelscoileanna a d'fhás ó iarrachtaí na dtuismitheoirí féin mar fhrithghníomh in aghaidh cultúir aonchineálaigh.

I láithreach an iolrachais de chultúir sa tréimhse iarnua-aoiseach, dar le Tovey agus Share (2000 lgh 348-349) ní chreidtear a thuilleadh sna míniúcháin fhorchuimsitheacha oibiachtúla den bheatha. Tá an bhailíocht chéanna le gach cultúr agus le gach peirspictíocht agus is féidir cultúr amháin nó peirspictíocht

amháin a ionannú le haon cheann eile. Mar sin tá sé riachtanach féiniúlacht phearsanta a ghnóthú le haghaidh féin cur i gcrích agus úsáidtear an Ghaeilge mar rogha stílbheatha chun é seo a bhaint amach. Deir na húdair go bhfuil daoine ag lorg féinachtáil agus slite chun féiniúlacht fhíor a chur in iúl agus dá thairbhe go bhfuil brí chultúrtha nua le labhairt na Gaeilge. Ní ar bhonn féiniúlachta eitneáil a labhraítear an teanga ach ar bhonn féiniúlachta indibhidiúla.

It [an Ghaeilge] no longer articulates an identity based on membership in the collective Irish nation, but rather a highly individualised way to 'be Irish' where difference is as important as sameness in the elaboration of identity (Tovey agus Share 2000 l 334).

1.1.3 Cumas sa teanga

Dar le Cooper (1989 l 109, 161) sé cinneadh faoin meán teagaisc an cinneadh de phleanáil stádais is minice a dhéantar toisc níos mó rathúlachta a bheith bainteach le foghlaim na teanga nuair a úsáidtear an teanga féin mar mheán teagaisc. Ba é sin an cinneadh a rinneadh a luaithe is a bhí Rialtas an tSaorstáit in oifig i 1922. Díríodh go muinín an Ghaeilge mar ábhar nó go n-úsaidfí í mar mheán teagaisc ar feadh uair a chloig ar a laghad in aghaidh an lae (Ó Riain 1994, l 91) agus mar mheán teagaisc iomlán i ranganna na naíonán (Ó Riain 1994, l 47). 'Gaelú na hÉireann' a tugadh ar an bpolasaí a cumadh i 1924 i leith na Gaeilge (Ó Buachalla 1998 l 345). Bhí sé mar aidhm aige féiniúlacht náisiúnta a chruthú ar mhaithe le comhtháthú sa Stát (An Coiste Comhairleach Pleanála 1988 l 41).

Faoi cheann deireadh na 1920idí bhí Coláistí Ullmhúcháin bunaithe chun oideachas iar-bhunscoile a chur ar chainteoirí ar ardinniúlacht roimh dhul isteach sna Coláistí Oiliúna mar ábhair mhúinteoirí (Ó Buachalla 1998 l 256).

Tá trí chineál modhanna ann maidir le gnóthachtáil sa teanga a bhaint amach – iad siúd chun an deis fhoghlama a chruthú nó a fheabhsú, iad siúd chun gríosú foghlama a chruthú nó a fheabhsú agus iad siúd a chruthaíonn nó a fheabhsaíonn an deis agus an gríosú araon san am céanna. Sampla de dheis fhoghlama ná

teagasc na teanga sa seomra ranga agus sampla de ghríosú foghlama ná ábhar a bheith éigeantach chun pas a fháil i scrúdú. Cruthaítear feabhsú deise agus gríosú go comhuaineach nuair a úsáidtear an spriotheanga mar mheán idirghníomhaíochta i suímh a gcaithfidh, nó a dteastaíonn ón bhfoghlaimoir páirt a ghlacadh iontu cosúil le tumoideachas (Cooper 1989 l 159).

Mar sin chruthaigh an rialtas an deis fhoghlama tríd an Ghaeilge a shannadh sa chlár oideachais. Ceanglaíodh coinníoll na héigeantachta leis an nGaeilge chun pas a fháil sa Mheánteist i 1928 agus san Ardeist i 1934 (Ó Buachalla 1998 258). Chiollaigh sé sin go raibh gríosú ann i leith na Gaeilge a bhí á foghlaim mar ábhar agus go raibh feabhsú deise agus gríosú go comhuainneach nuair a bhí an Ghaeilge á húsáid mar mheán teagaisc. Cuireadh gríosú eile ar fáil i bhfoirm marcanna breise a bronnadh ar dhaoine a rinne na scrúduithe trí mheán na Gaeilge. Bhí Gaeilge mar ábhar éigeantach don mháithreánach san Ollscoil Náisiúnta ó 1913 (Kelly 2002 l.18). Níor tháinig aon athrú ar an gceanglas seo suas do dtí an lá inniu.

Faoi dheireadh na 1930idí bhí 12% de bhunscoileanna agus suas le 30% de na hiar-bhunscoileanna ag múineadh trí mheán na Gaeilge (Ó Buachalla 1998 l 65). Ó shin go deireadh na 1970aidí tharla meath mór san oideachas meán-Ghaeilge. Laghdaigh líon na mbunscoileanna Lán-Ghaeilge ó 704 i 1934 go 173 i 1976 agus líon na meánscoileanna Lán-Ghaeilge ó 97 i 1938 go 15 i 1979 (Ó Riain 1994 l 50).

Siar chomh fada leis na 1920idí bhí Cumann na Múinteoirí Náisiúnta ag easaontú leis an bpolasaí chun na Naíonáin a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Cheistigh sé cé chomh ciallmhar agus a bhí sé múineadh trí mheán teanga nach raibh mar theanga theaghlaigh an pháiste (Ó Buachalla 1998 l 350).

Chuir staidéir ar leanbhshiceolaíocht le bailíocht ghearán na múinteoirí a foilsíodh mar thuairisc ar shuirbhé i 1941 agus maolaíodh an polasaí i leith na Naíonán i 1948. D'fhás an tuiscint go raibh an bhéim ar scrúduithe scríofa in ionad béaltrialacha ag cur bac mór le labhairt na Gaeilge agus freisin léiríodh amhras

faoi chumas na scoileanna chun an Ghaeilge a athréimniú uireasa foinn úsáide taobh amuigh den bhaile (Buttimer 2003 l 565).

Faoi na 1970aidí ba léir an lagú i dtiomantas an Stáit i leith na hathbheochana agus i 1973 cuireadh deireadh leis an riachtanas pas sa Ghaeilge a fháil sna scrúduithe maraon leis an gceanglas teanga sa Státseirbhís (Buttimer 2003 l 569).

Dar le Ó Riagáin (1997 lgh 202-215) ó na 1960idí anall tá laghdú tagtha ar an gcaighdeán de chumas Gaeilge sna scoileanna iarbhunoideachais, léirithe ach go háirithe sa chéatadán d'iarrthóirí ar theip orthu sna scrúduithe stáit nó nach ndearna na scrúduithe ar chor ar bith. Míníonn sé é mar thoradh ar scaoileadh na héigeantachta san oideachas agus mar thoradh ar thábhacht laghdaithe na Gaeilge chun post a fháil agus freisin ar na deiseanna oideachais tríú leibhéal taobh amuigh den Ollscoil Náisiúnta agus de na Coláistí Oiliúna nach bhfuil ceanglas Gaeilge leo. Freisin tá líon níos mó daltaí ar lagchumas ginearálta sa chóras oideachais de dheasca méadú ar an líon ag freastal ar oideachas ó thús na 1970aidí. Dar leis tá tionchar ag laghdú an teagaisc trí mheán na Gaeilge (ainneoin an fhoráis mhall a thit amach ó na 1980aidí i leith) ar an ngnóthachtáil chomh maith.

Ach mhéadaigh an céatadán den aoischohórt iomlán a fuair onóir nó pas san Ardteist ó 1963 i leith. Mar sin féin nuair a chuirtear é seo i gcomhthéacs inniúlachta féin-mheasúnaithe ó shuirbhéanna atá ag fanacht seasmhach léiríonn sé nach bhfuil an córas oideachais ag cothú cainteoirí dátheangacha go dtí an pointe céanna agus a dhein cheana (Ó Riagain 1997 l 207).

Cé go bhfuil líon na ndaoine le hinniúlacht éigin ag méadú tá an céatadán ar ardinniúlacht ag dul i laghad agus is as an ngrúpa ardinniúlachta is mó a thagann na húsáideoirí arda. Dar leis an gCoiste Comhairleach Pleanála (1988 l xxiv) sa bhliain 1983 bhí iar-bhunoideachas bainte amach ag beagnach trí cheathrú d'úsáideoirí reatha ag an am agus bhí cúrsa ardleibhéil na hArdteistiméireachta déanta ag a leath. Ó na 1980aidí anall níl ach 10-15% de gach aoischohórt ag déanamh an chúrsa ardleibhéil sa Ghaeilge iar-bhunscoile agus ainneoin trí bliana

dhéag a chaitheamh leis an nGaeilge ar scoil níl ach inniúlacht labhartha mheasartha, má tá féin, bainte amach ag furmhór na ndaltaí. Cé nach dtiontaítear an grúpa ardinniúlachta go léir ina gcainteoirí Gaeilge mar sin féin is ón ngrúpa seo is mó a thagann na hardúsáideoirí.

Go ginearálta maidir le foghlaim Theanga a Dó dá mhéad uair a chaitear leis an bhfoghlaim sea is fearr an ghnóthachtáil. In Éirinn léirítear i dtaighde gurbh iad na daltaí a chríochnaigh an timthriall iar-bhunoideachais a ghnóthaigh inniúlacht cainte a mhair, cé go bhfuil difríochtaí móra idir gnóthachtáil bunaithe ar leibhéal an chúrsa nó ar an meán teagaisc (Ó Riagáin 1997 l 238).

Tá cur chuige nua cumarsáideach feidhmithe sna bunscoileanna faoi Churaclam na Bunscoile a tugadh isteach i 1999 (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999). Tuilleann an bhéaltríail agus an chluastriail le chéile beagnach leath de na marcanna san Ardteist (Murtagh 2003 l 18). Siollabas cumarsáide is ea an siollabas don Teastas Sóisearach freisin agus tá athbhreithniú ar bun faoi láthair ar na teangacha san iarbhunoideachas, an Ghaeilge san áireamh (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta). D'fhéadfadh an cúrsa cumarsáideach a bheith faoi ndear an fheabhais ag na leibhéil ísle de Ghnáthleibhéal na hArdteistiméireachta ó 2000 i leith ach is cosúil go bhfuil laghdú suntasach ar an méid ama a chaitear le foghlaim na Gaeilge ó thús go deireadh na scolaíochta ó na 1980aidí i leith (Murtagh 2003 l 19,21).

1.1.4 Úsáid na Gaeilge

Ba í mainneachtain an Stáit chun deiseanna úsáide a sholáthar ba mhó a tharraing droch-chlú ar pholasaí na héigeantachta (Lee 1989 l 671). Dar le Ó Riain (1994 l

91) bhí dearcadh ann dá mbeadh cumas ag daoine go labhróidís an teanga.

Soiléiríonn sé an dul amú mar seo

Ní fíor go labhraíonn an duine aonair pé teanga is mian leis. Glacann sé le cinneadh réamhdhéanta na sochaí – na noirm úsáide. Ní hé an duine aonair ach pleanáil chinnte uile-ghabhálach a théann i bhfeidhm ar na noirm seo chun iad a athrú is chun noirm nua a bhunú, rud nár tuigeadh (1994 l 92).

I 1969 tar éis bhunú Chomhairle na Gaeilge rinneadh cinneadh dul i gcomhairle le daoine profisiúnta i réimse na teangeolaíochta agus na heolaíochtaí sóisialta eile (Ó Croidheáin 2006 l 221). Ansin thionscain an Roinn Oideachais scéim chun daltaí a chur chun na Gaeltachta d'fhonn a gcumas sa teanga a fheabhsú agus ina dhiaidh sin thosaigh grúpaí deonacha le tacaíocht airgid ón Stát ag cur daoine óga ann freisin (Kelly 2002 l 34).

Tá féidearthacht dearfach meoin a spreagadh trí luach saothair ar mhaithe le húsáid. Feidhmíonn deiseanna d'úsáid ghairmiúil agus stádas an chultúir i bhfoirm teilifíse, ábhair phriontáilte, coirmeacha ceoil srl. mar luach saothair i gcás teanga mionlaigh (Baker 1992 l 99-100). Faoi fhealsúnacht an 'laissez faire' a shonraíonn nár chóir cur isteach ar an saormhargadh, níor ghlac an Stát aon pháirt ghníomhach i bpleanáil úsáid na Gaeilge agus is ó na heagraíochtaí deonacha a tháinig pé iarrachtaí a deineadh (Ó Riain 1994 l 99-100).

Ach tá feabhas go pointe tagtha ar an scéal le deich mbliana anuas le tacaíocht níos mó ón Rialtas. Dar le Tovey agus Share (2000 l 333) is í cumhacht pholaitiúil a idirghabhann gaolta idir teanga mhionlaigh agus teanga thriomlaigh agus chun é seo a léiriú luann siad tuarascáil Euromosaic 1996 a shainmhíonn pobail mhionlaigh mar

ghrúpaí laistigh de sochaithe níos leithne agus laistigh de stáit agus atá idirdhealaithe le sainteanga agus cultúr ach atá in uireasa na struchtúr polaitiúil, institiúideach agus idé-eolaíoch a d'fhéadfadh ábharthacht na dteangacha seo do shaol laethúil bhail na ngrúpaí seo a ráthú (aistriúchán) (Euromosaic luaite i Tovey agus Share 2000 l 333).

Tá tacaíocht an stáit, cé teoranta mar fhachtóir criticiúil i gcothabháil cainteoirí Gaeilge mar ghrúpa sóisialta agus ba mhór a chuir an tacaíocht a tugadh do TG4 le 'ráthú ábharthacht' na teanga (Tovey agus Share 2000 l 334). Ó shin tá

iarrachtaí eile déanta chun ábharthacht na teanga do shaol laethúil cainteoirí Gaeilge a ráthú. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 táthar chun deis a sholáthar chun gnó oifigiúil a dhéanamh as Gaeilge leis an Stát. Dar le Ó Croidheáin (2006 l 283) soláthróidh an tAcht caipiteal teangeolaíoch don Ghaeilge le postanna do chainteoirí inniúla. Tá an Ghaeilge mar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ó thús 2007.

Ní hé easpa deiseanna amháin a chuireann isteach ar labhairt na Gaeilge. Cuireann noirm úsáide shóisialta bac ar labhairt na Gaeilge nuair atá daoine nach bhfuil Gaeilge acu i láthair. Is cosúil go mbaineann an gnás seo le dea-bhéas (CILAR 1975 l 34). I suirbhé CILAR mar shampla cé gur thuairiscigh 41% den daonra gur mhaith leo an cumas Gaeilge a bhí acu a úsáid níos minice níos teastaigh ó 59% d'fhreagróirí Gaeilge a labhairt i láthair daoine gan Ghaeilge (CILAR 1975 l 193).

1.1.5 Aistriú idirghlúineach agus cothú na pobalteanga

Úsáidtear an córas oideachais go háirithe oideachas trí mheán na sprioctheanga chun aistriú idirghlúineach a chur i gcrích ach mura n-aistríonn cuid den ghlúin a d'fhoghlaim í mar Theanga a Dó an teanga dá leanaí mar theanga dhúchais, tosaíonn gach glúin as a chéile le cumas agus úsáid ag an leibhéal céanna lenar thosaigh an ghlúin roimpi agus níl aon dul chun cinn déanta (Mac Donnacha 2000 l 21).

Go bunúsach is mar seo atá an scéal in Éirinn. Dar le Ó Riagáin (1997 l 166) níl aistriú idirghlúineach i gceist dáiríre taobh amuigh den Ghaeltacht mar tá na pobail Ghaeilge traidisiúnta nach bhfuil iontu ach 2% den daonra ró-scaipithe. Mar sin braitheann cothabháil an dátheangachais ar an gcóras oideachais chun dóthain cainteoirí inniúla a chothú chun cúiteamh a dhéanamh ar son na gcainteoirí a fhágann na líonraí Gaeilge.

Mar a luadh cheana tá meath mór tagtha ar oideachas meán-Ghaeilge ó na 1940aidí. Níor chabhraigh an dearcadh a léiríodh i MacNamara (1966) go raibh impleachtaí diúltacha ag tumoideachas bunscoile do ghnóthachtáil ghinearálta

oideachasúil. Ach anois creidtear go bhfuil modhanna múinte níos fearr agus cur chuige difriúil sna Gaelscoileanna. Creidtear freisin go bhfuil ardghnóthachtáil ghinearálta ag baint leo. Déanann an eagraíocht dheonach ‘Gaelscoileanna’ a fhaigheann deontas ón Stát comhordú ar an ngluaiseacht ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal. Deighleáilann a macasamhail ‘Naíonraí’ leis an teascán réamhscolaíochta. Sa bhliain 2000 bhí 114 scoileanna Lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus 31 ag an dara leibhéal (Gaelscoileanna 2001).

1.1.6 Éifeacht Ghinearálta na Pleanála Teanga

Tá an córas oideachais tar éis líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú ó bhunú an Stáit. Tá céatadán na gcainteoirí Gaeilge méadaithe ó timpeall is 18% i nDaonáireamh 1926 go beagnach 43% i nDaonáireamh 2002 (An Phríomh-Oifig Staidrimh). Tá saincheist maidir leis an méadú mór (8.6%) a tháinig ar líon na gcainteoirí Gaeilge ó dhaonáireamh 1991 go daonáireamh 1996 nuair a tuairiscíodh go raibh 41.1% den daonra ina gcainteoirí Gaeilge (An Phríomh-Oifig Staidrimh). Is cosúil gurb é an t-athrú a feidhmíodh i bhformáid cheistiúcháin 1996 faoi ndear an mhéadaithe. Tá deacracht eile maidir le sonraí an daonáirimh faoi labhairt na Gaeilge sa mhéid is nach sainmhínítear cainteoir ar bhonn cumais.

Sna trí shuirbhé náisiúnta (CILAR 1975, Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1984, 1994) léirítear gur beag athrú atá tagtha ar chumas labhartha ó 1973 go 1993. Deir Ó Riagáin (1997 l 148) go bhfuil tuairim is leath den sampla gan Ghaeilge nó le cúpla focal amháin, 40% le cumas éigin agus 10% in ann an chuid is mó de chomhráite nó comhráite iomlána a thuiscint. Ach tá feabhas beag tagtha ar chumas léitheoireachta agus is cosúil gurb í an bhéim acadúil seachas chumarsáide sna scoileanna is cúis leis (Ó Riagáin 1997 l 153).

Tá saincheist sna suirbhéanna náisiúnta faoi thuairisciú cumais freisin. Tá sé de nós ag an daonra taobh amuigh den Ghaeltacht cumas labhartha a ionannú le cumas tuisceana a úsáidtear den chuid is mó nuair atá daoine ag glacadh páirte sna meáin chumarsáide i dtimpeallacht atá go príomha aon-teangach. Tarlaíonn sé seo toisc nach bhfuil deis ann an inniúlacht cainte a mheas níos beichte d'uireasa idirghníomhú le cainteoirí Gaeilge inniúla (CILAR 1975 l 120).

Níl líon na gcainteoirí Gaeilge ag teacht leis an úsáid mar a thuairiscítear í toisc nach labhraíonn furmhór na gcainteoirí an Ghaeilge le haon phatrún cinnte. Ní úsáideann trian de chainteoirí le hinniúlacht dúchais agus dhá thrian a thuigeann furmhór de chomhráite Gaeilge ach go rí-annamh sa bhaile (CILAR 187). I nDaonáireamh 2002 tá tuairim is 68% den daonra nach n-úsáideann Gaeilge riamh nó chomh minic sin, 10% a labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil agus úsáideann cúigiú den daonra Gaeilge go laethúil (An Phríomh-Oifig Staidrimh). Maidir le húsáid bhaile thar na trí shuirbhé náisiúnta thuasluaite (CILAR 1975, Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1984, 1994) is cosúil go n-úsáidtear Gaeilge sa bhaile idir daoine fásta agus leanaí seachas idir daoine fásta agus a chéile nó idir leanaí agus a chéile. D'fhéadfadh go léiríonn sé seo nasc idir an Ghaeilge agus an scoil (Ó Riagáin 1997 l 163).

Tá aimhréir idir úsáid bhaile agus úsáid oibre chomh maith. Taobh amuigh den Ghaeltacht úsáideann 3.7% den daonra atá ag obair Gaeilge go minic san ionad oibre agus ní theipeann ach ar 18% an Ghaeilge a aistriú ón ionad oibre go dtí an baile ach ní tharlaíonn aistriú sa mhalairt treo leis an mhinicíocht chéanna (CILAR 1975 l 195).

1.1.7 Éifeacht na Pleanála ar chothabháil na Gaeilge

Níl seasmhacht phearsanta ann maidir le húsáid na Gaeilge ach oiread. Thar thimthriall na beatha athraíonn daoine a gcleachtas úsáide agus bíonn daoine ag dul isteach i líonraí Gaeilge ag tréimhsí éagsúla agus ag bogadh amach astu ag amanna eile nó ag athrú leibhéal na húsáide. Dar le CILAR (1975 I 200) díobh siúd taobh amuigh den Ghaeltacht a chuala Gaeilge á labhairt i gcónaí nó go minic sa bhaile níor chothabháil ach a gceathrú an leibhéal céanna déine ina n-úsáid Ghaeilge féin. Níor labhair aon-chúigiú d'úsáideoirí bhaile na hóige Gaeilge amach ansin (CILAR 1975 I 204).

Úsáideann 15% den aosdhaonra taobh amuigh den Ghaeltacht Gaeilge anois sa bhaile nó ag obair nó le cairde nó sna chomhthéacsanna sin go léir ach ní úsáideann ach 4% go mion minic í. I measc an 4% sin atá mar dhianúsáideoirí tháinig 36% as bailte dátheangacha. D'fhorbair timpeall leath den bhfuílleach a gcumas ar scoil agus tháinig an leath eile (29%) go mall chun na Gaeilge tar éis a n-inniúlacht a chothú ar scoil agus sa tréimhse iar-scolaíochta. Sa chaoi seo cúitíonn na húsáideoirí Gaeilge nár tháinig as teaghlaigh Ghaeilge don ísliú leibhéil agus don mheath i measc na n-úsáideoirí traidisiúnta (CILAR Igh 325-326).

1.2 Taighde um Mheonta i leith Teangacha

1.2.1 Sainmhíniú, Comhbhaill, Gnéithe Meoin agus Dearcadh/ Inspreagadh

Tá taighde ar mheonta i leith teangacha tagtha chun cinn le breis is tríocha bliain anuas. Tá dlúthbhaint idir an choincheap de mheon agus an réimse siceolaíochta sóisialta (Edwards 1994 l 97). Díríonn taighde ar mheon ar an idirghaolmhaireacht idir an duine indibhidiúil agus an tsochaí maidir le rogha teanga (May 2000 l 113).

Níl comhaontú ann faoi shainmhíniú meoin. Faoin gcur chuige iompraíochtúil tagtar ar thuiscint mheoin ar bhonn iompraíochta. Tá an cur chuige meabhrúil ina gceanglaítear meon le hábhar éigin níos coitianta. Cuireann Ajzel (luaite i Baker 1992 l 11) síos ar mheon mar chlaonadh chun freagairt go fabhrach nó go neamhfhabhrach d'ábhar, do dhuine, d'institiúid nó d'eachtra éigin.

Luann Baker (1992 l 29) na hábhair mheoin mar seo leanas - meon i leith difriúlachta teanga, canúna agus stíle urlabhra; meon i leith foghlaim teanga nua; meon i leith teanga mionlaigh ar leith m. sh. Gaeilge; meon i leith grúpaí teanga, pobalteanga agus mionlach; meon i leith ceachtanna teanga; meon i leith úsáid teanga ar leith; meon tuismitheoirí i leith foghlaim teanga agus meon i leith rogha teanga.

Tá trí chomhbhall i meon, an comhbhall feasach ceangailte le smaointe, an comhbhall mothúchánach ceangailte le mothucháin agus an comhbhall de líofacht chun gníomhaíochta ceangailte le hiompraíocht (Baker 1992 l 12). Ní bhíonn comhréir idir na trí chomhbhall i gcónaí (May 2000 l 112). D'fhéadfadh go mbeadh meon dearfach ag duine i leith na Gaeilge, sé sin go gcreidfeadh sé i dtábhacht na teanga mar theanga dhúchais ach go mbeadh meon diúltach aige i leith oideachais Ghaeilge de chois eispéirise míthaitneamhaí de (Baker 1992 l 12).

Glactar leis go bhfuil neamhsheasmhacht idir meon agus iompraíocht. Ní gá go gcinnteodh meon fabhrach i leith teanga go dtabharfaí tacaíocht ghníomhach don teanga ná go gcoinneofaí an teanga (May 2000 l 112). Is féidir é sin a thuiscint i dtéarmaí na ginearáltachta nó na sonraíochta atá i meon agus atá freisin i ngnímh

shonracha (Baker 1992 l 16). Míníonn May (2000 l 112) an easpa teacht le chéile idir meon agus iompraíocht mar dhifríocht idir prionsabal leathan agus cleachtas. D'ainneoin meoin dhearfaigh i leith polasaí tacaíthe ar son mionteanga is féidir bheith diúltach i leith fheidhmiú sóisialta nó polaitiúil an pholasaí, cur i gcás i leith éigeantachta foghlama san oideachas nó ceanglais teanga do phostanna ar leith.

Chomh maith le héigeantacht áiríonn Mackey (1977) fabhraíocht agus buntáiste neamhfheireálta ar na riochtaí d'fheidhmiú polasaí a spreagann diúltacht. Is féidir a rá go mbeadh meon i leith dheis fhoghlama na Gaeilge ar leibhéal níos ginearálta ná meon i leith chleachtas na héigeantachta. Mar an gcéanna, bheadh Dúil i bhFoghlaim na Gaeilge ar leibhéal níos sonraí ná Meon i leith Foghlaim na Gaeilge. Chun go mbeadh meon mar thuar éifeachtach ar iompraíocht, dar le Baker (1992 l 17) ní mór an meon agus an iompraíocht a thomhas ag an leibhéal céanna den chontinúm ginearáltachta.

I gcoitinne ní dhéantar idirdhealú sa taighde idir meon agus Inspreagadh ach léiríonn Gardner (1985 lgh 10,11) an difríocht. Cuimsíonn Meon/Inspreagadh meon fabhrach i leith na teanga, fonn chun an teanga a fhoghlaim agus iarracht. Ní chiallaíonn iarracht i gcónaí go bhfuil inspreagadh ann i leith fhoghlaim na teanga mar d'fhéadfadh toscaí suíomhúla cosúil le múinteoir a éilíonn ardchaighdeán nó ceanglais scrúdaithe a bheith taobh thiar den iarracht. Mar an gcéanna, ceal iarrachta ní chiallaíonn sástacht sa ghníomhaíocht nó fonn foghlama fíor-inspreagadh.

D'fhéadfadh iliomad gnéithe a bheith leis an míniú de mheon atá sa cheann ag duine. Le hanailís fachtóirí is féidir iad a rangú de réir míniúchán na bhfreagróirí. Dar le Baker (1992 l 31) glactar go bhfuil na gnéithe seo mar chonstráid hipitéiseacha, neamhfheiceálacha a d'fhéadfadh bheith sonracha do gach staidéar ach léirítear patrún siceolaíoch trí mhacasamhala de na staidéir a dhéanamh. Tá dhá phríomhghné tagtha chun cinn a bhfuil comhsheasmhacht leo thar am, thar sampla agus thar náisiún. Is iad gné chomhtháthaíoch (fonn chun dlúthbhaint a bheith le grúpa eile) agus gné ionstraimeach (fonn dul chun cinn). Maidir le

foghlaím Theanga a Dó úsáidtear na gnéithe seo go minic. Dar le Gardner (1985 l 53) go bunúsach is fáthanna iad na gnéithe seo atá taobh thiar d'fhabhrachas an mheoin agus níl aon iarracht ceangailte leo. Dar le Baker (1992 l 32) ar na fáthanna ionstraimeacha bheadh fáthanna gairmeacha, stádais, gnóthachtála, rathúlachta pearsanta, féin-fheabhsaithe, féinachtála agus marthanais. Tá an ghné ionstraimeach dírithe ar stádas sóisialta nó eacnamaíoch a bhaint amach. Tá bunús idirphearsanta leis an ghné chomhtháthaíoch a lorgaíonn cairdeas agus ionannú le grúpa eile.

Dáiríre tá bunús ionstraimeach leis an dá ghné, an ghné chomhtháthaíoch agus an ghné ionstraimeach, mar tá an spreagadh eistreach sa dá chás agus ní fhoghlaímítear an teanga ar a son féin (Gardner 1985 l 12). Ach nuair a chuirtear luach ar theanga ar a son féin i dtaighde is minic a chiallaítear an ghné chomhtháthaíoch sé sin luach eithcúltúrtha (féach CILAR 1975 l 27). Is féidir an dá ghné a bheith ag duine ag an am céanna (Baker 1992 l 35). Ní féidir idirdhealú cinnitheach a dhéanamh i gcónaí idir treoshuíomh comhtháthaíoch agus treoshuíomh ionstraimeach. D'fhéadfadh taisteal thar lear, mar shampla, bheith mar spreagadh comhtháthaíoch do dhuine amháin agus mar spreagadh ionstraimeach do dhuine eile (Baker agus Prys Jones 1998 l 652). Nochtann taighde go bhfuil an ghné chomhtháthaíoch ceangailte le meon níos dearfaí i leith fhoghlaím Theanga a Dó ná an ghné ionstraimeach ach d'fhéadfadh a mhalairt a bheith fíor freisin (Gardner 1985 l 55).

Dar le Oxford agus Shearin (luaite i Baker agus Prys Jones 1998 l 646) ní chóir bheith ag brath ar na gnéithe sin amháin i dtaca le foghlaim Theanga a Dó mar tá níos mó gnéithe cosúil le ceanglais scrúdaithe, ceanglais scoile, spreagadh intleachtúil nó dúshlán pearsanta gur chóir a chur san áireamh.

Tá an treoshuíomh comhtháthaíoch agus an treoshuíomh ionstraimeach ag teacht cóngarach don ghné 'dlúthpháirtíocht' agus don ghné 'stádas' faoi seach den peirspictíocht eitneachta/beogachta eitnitheangeolaí. Dar le Ó Riagáin (1997 l 169) forbraíodh an creatfhráma de bheogacht eitnitheangeolaíoch a dhéanann

stádas na teanga, ach go háirithe a stádas socheacnamaíoch, dáileadh geografach na teanga agus a húsáid in institiúidí cosúil le rialtas, oideachas, na meáin srl. a thomhas chun teacht ar thuar níos fearr ar thodhchaí teanga mionlaigh. Tá sé seo riachtanach de thoradh an ghaoil dhébhriúgh atá idir an idé-eolaíocht eitneachta agus cothabháil teanga mionlaigh. Dar leis an gCoiste Comhairleach Pleanála (1988 l 61) tá patrún na dtuairimí i leith na Gaeilge chomh buanseasmhach thar thréimhse deich mbliana gur féidir idé-eolaíocht a thabhairt air. Séard atá in idé-eolaíocht ná códú luachanna agus norm ghrúpa agus ag leibhéal an duine indibhidiúil is fealsúnacht bheatha atá inti (Baker 1992 l 15). Dar le Baker (1992) freisin tá difríocht idir tuairimí agus meon sa mhéid is nach bhfuil i dtuairim ach gné amháin de mheon agus freisin nach bhfuil an ghné mhothúcháinach ceangailte léi.

Feidhmíonn meon mar ionchur agus mar aschur go háirithe i dtaighde san oideachas. Mar shampla d'fhéadfadh sé bheith mar ionchur nuair a chuireann meon dearfach i leith foghlaim teanga le gnóthachtáil sa teanga. D'fhéadfadh sé bheith mar aschur má eascraíonn meon dearfach i ndiaidh cúrsa fhoghlama (Baker 1992 l 12). I gcás meoin le treoshuíomh comhtháthaíoch, is gnáth é a bheith mar chúis leis an bhfoghlaim dar le Gardner (luaite i Baker 1992 l 34).

1.2.2 Tomhas Meoin

Is féidir meon a thomhas le teicníochtaí atá cainíochtúil nó cáilíochtúil (Baker 1992). Ar na teicníochtaí is mó le rá tá anailís ábhar, measúnú díreach agus measúnú indíreach. Tá an measúnú díreach bunaithe go ginearálta ar shuirbhéanna nó agallaimh agus sé an cur chuige 'matched guise' a úsáidtear sa mhodh indíreach (Edwards 1994 l 101). Sa 'matched guise' iarrtar ar na freagróirí meastóireacht a dhéanamh ar phearsantacht cainteora ar bhonn dreas cainte leis in dhá theanga atá ar théip-thaifead. Dar le Lambert (luaite i Bourhis, Giles agus Tajfel l 448) léiríonn an teicníocht seo freagairt na rannphairtíthe i dtaca le cainteoirí an ghrúpa lasmuigh níos fearr ná ceistneoirí díreacha. Tá teicníochtaí cosúil le Scála Likert nó Scála Thurstone úsáideach chun déine an mheoin a

thomhas ar scála rátála. Léiríonn an Dífreáil Shéimeantach déine an dearcaidh i leith choincheapa ar cheann amháin de scála nó i leith a mhalairte ag an gceann eile den scála. D'fhéadfadh meonta a bheith faoi cheilt i dtreo is nach gcuirtear in iúl iad (Baker 1992 l 12). Léiríonn teicníochtaí cailíochtúla cosúil le hagallaimh na meonta faoi cheilt seo uaireanta.

1.3 Staidéir ar Mheon i leith Teanga

1.3.1 Staidéir éagsúla

Rinne May (2000 lgh 123,103) staidéar ar dhearcadh i leith na Breatnaise ar leibhéal ginearálta agus ar dhearcadh i leith na héigeantachta ag leibhéal níos sonraí. Rinne sé staidéar ar dhátheangachas ar an dá leibhéal freisin. D'aimsigh sé teannas idir saor-rogha agus éigeantacht maidir le polasaí theanga na Breatnaise ní hamháin i measc an triomlaigh ach freisin laistigh den ghrúpa. Deir sé cuma cé chomh haireach agus chomh measartha a fhorbrófar polasaí na héigeantachta go mbeidh aighneas fós ann.

Rinne Murtagh (2003) staidéar ar ghnóthachtáil agus mheath na Gaeilge mar Theanga a Dó i measc mac léinn ag deireadh iar-bhunscolaíochta. Léirigh sí an idirghaolmhaireacht idir meon, cumas, úsáid agus deiseanna úsáide agus fuair sí amach nach raibh na mic léinn sásta mórán iarrachta a dhéanamh chun an Ghaeilge a fhoghlaim cé nach raibh siad diúltach i leith na teanga féin. Luann sí (2003 l 106) an meán teagaisc mar an príomhthionchar ar chumas. Ní bhaineann ach na mic léinn ar cuireadh tumoideachas orthu an leibhéal cumarsáide Gaeilge amach a bhfuiltear ag súil leis ag an gceann cúrsa iar-bhunoideachais (Murtagh 2003 l 156). Deir sí freisin (l 107) go bhfuil dea-thionchar ag fiú úsáid íosta bhaile nó shóisialta ar chumas labhartha.

San athbhreithniú taighde a rinne Harris agus Murtagh i 1999 ar staidéar a rinneadh ar fiche rang bunscoile léiríodh go raibh meon dearfach ag na tuismitheoirí i leith na Gaeilge agus i leith a bpáistí bheith ag foghlaim Gaeilge. Mar sin féin níor chothaigh a bhfurmhór meon dearfach i leith na foghlama i

measc na bpáistí ach d'fhág siad faoi na páistí féin dearcadh dearfach a fhorbairt, cé nach ndearna siad aon rud chun drochmhisneach a chur orthu. Níor mhol siad na leanaí as ucht a ghnóthachtáil sa Ghaeilge chomh minic agus a mhol siad ghnóthachtáil sna hábhair eile agus níor chabhraigh siad leis an obair bhaile Ghaeilge chomh minic agus a chabhraigh siad leis an obair bhaile sna hábhair eile. Ach nuair a bhí na tuismitheoirí gafa leis an bhfoghlaim Ghaeilge feabhasaíodh an dearcadh i leith na Gaeilge agus an ghnóthachtáil dá bharr (Harris agus Murtagh 1999 l 318).

Dar le Ó Fathaigh (1991 l 19) i measc na scoileanna dara leibhéal ar a ndearna sé staidéar léiríodh go raibh grúpa daltaí ar inniúlacht ghinearálta maraon le cumas Gaeilge níos lú ná an meán le dearcadh an-dearfach i leith fhoghlaim na Gaeilge. Míníodh é seo de bharr cur chun cinn dearfach na Gaeilge a bhí ar siúl sa scoil. Dar le Gardner (luaite i Baker 1992 l 33) ní hiad na daoine ag an leibhéal cumais ghinearálta is airde ná na daoine le bua teangacha na daoine amháin ag a bhfuil na meonta is dearfaí nó a bhíonn rathúil i gcónaí i bhfoghlaim Theanga a Dó. Tá fianaise sa taighde maidir le foghlaim Fhraincise go mbíonn dearcadh dearfach ag na foghlaiméoirí a dhéanann iarracht cuíosach láidir leis an bhfoghlaim agus a mbíonn dúil sa bhfoghlaim acu bunaithe ar threoshuíomh comhtháthaíoch.

Rinne Harris et al. staidéar ar chumas daltaí i mbunscoileanna Lán-Ghaeilge, Gnáthscoileanna agus scoileanna Gaeltachta. Bhí an ghnóthachtáil sna scoileanna Lán-Ghaeilge chun tosaigh go mór uirthisean sna Ghnáthscoileanna. Léiríodh go bhfuil gaol idir gnéithe i gcúlra an dalta agus i gcúlra na scoile le ghnóthachtáil an dalta (Harris et al. 2006 l 154). Ar na hathróa sóisialta bhí oideachas agus stádas socheacnamaíochta na dtuismitheoirí. Bhí inniúlacht Gaeilge agus minicíocht úsáidte na Gaeilge mar fhactóirí a raibh tionchar acu ar ghnóthachtáil freisin (Harris et al. 2006 l 98-100). Ach i gcás na scoileanna Lán-Ghaeilge ní raibh an ghnóthachtáil teagmhasach go bunúsach ar na hathróa cúlra cé go raibh próifíl na dtuismitheoirí maidir leis na factóirí cúlra níos fabhraí ná a macasamhail sna

Gnáthscoileanna. Maidir leis na páistí nach raibh buntáistí cúlra acu sna scoileanna Lán-Ghaeilge ní raibh aon difríocht idir a ngnóthachtáil agus gnóthachtáil iad siúd le buntáistí cúlra. Dealraíonn sé mar sin gurb é fad agus déine na teagmhála an ghné is criticiúla do ghnóthachtáil teanga (Harris et al. 2006 l 157). Luaigh Harris et al. (2006 l 158) freisin go bhfuil féidearthacht ann go bhfuil próifíl na dtuismitheoirí scoileanna Lán-Ghaeilge tar éis éirí níos cosúla léi siúd de thuismitheoirí na nGnáthscoileanna. Dar le Coady agus Ó Laoire (2002) freisin tá an méid Gaeilge a úsáidtear sa bhaile laghdaithe ó 1974.

I staidéar faoi dhearcadh i leith dátheangachais a rinne Coady (2001 l 14) i measc daltaí Gaelscoile agus Gnáthscoile maraon lena dtuismitheoirí, nochtadh meon dearfach i leith úsáid na teanga ag gach grúpa ach bhí meon níos dearfaí i leith dátheangachais sa tsochaí i measc an ghrúpa Ghaelscoile ná an ghrúpa Ghnáthscoile.

Rinne O Rourke (2005) staidéar ar na difríochtaí idir scoláirí ollscoile Éireannacha agus scoláirí ollscoile ó Galicia maidir le meon i leith a dteangacha dúchais faoi seach. Léiríodh tacaíocht sa dá thír i leith na dteangacha mionlaigh a bheith sa tsochaí go ginearálta ach tháinig laghdú ar an dearfach nuair a bhí rannpháirtíocht níos gníomhaí i gceist. Bhraith dhá thrian de na mic léinn Éireannacha agus ceithre cúigiú de na Spáinnigh go raibh fiúntas leis an teanga mar shiombal na féiniúlachta. Ach níor aontaigh 55% de na mic léinn Éireannacha leis an abairt go gcaithfear Gaeilge a bheith ag duine chun eolas a chur ar thraidisiúin agus chultúr na hÉireann. Níor aontaigh ach 56% leis an abairt nach bhféadfadh aon fhíor-Éireannach bheith in aghaidh athbheochan na Gaeilge. Maidir le húsáid léiríonn O Rourke (2005 l 159) go bhfuil cosúlacht ann gurb é an tuiscint atá léi ná focail agus frásaí Gaeilge a chur isteach i gcaint atá den chuid is mó as Béarla in ionad comhrá Ghaeilge réalaígh, rud a léirítear chomh maith i staidéar Murtagh (2003).

1.3.2 Na Suirbhéanna Náisiúnta agus staidéar ar Ghaelscoileanna

Ba é staidéar CILAR 1973 an chéad mhórstaidéar náisiúnta ar mheon i leith na Gaeilge agus bunaíodh an dá shuirbhé náisiúnta eile le ITÉ (1983 agus 1993) ar mhúnla CILAR d'fhonn leanúnachas a chur ar fáil. Chuimsigh CILAR cumas, úsáid agus fachtóirí eile sa staidéar a raibh idirghníomhaíocht eatarthu féin agus meon toisc gur beag míniú atá le meon leis féin de bharr na heaspa comhsheasmhachta atá idir é féin agus iompraíocht (CILAR 1975 l 6,13).

Ar cheann de na sé ghné meoin a nochtadh le hanailís fachtóirí sa staidéar bhí ‘An Ghaeilge mar Shiombal Eitneach agus Aistriú Idirghlúineach’, gné a bhí mar mheon lárnach, sé sin gné de mheon a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar na gnéithe eile cosúil leis an gné ‘An Ghaeilge sa Scoil’. Ní raibh comhchoibhneas láidir idir an dá ghné. Ciallaíonn sé sin go raibh meon dearfach i leith na féiniúlachta agus an chultúir ach meon diúltach i leith na ‘Gaeilge sa Scoil’ ag roinnt mhaith freagróirí (CILAR 1975 l 296). Ó thaobh na ‘Gaeilge sa Scoil’, gné atá ábharach don staidéar idir láimhe, léirítear feabhsú meoin i ndiaidh chealú na héigeantachta i 1973. Ó 1973 go 1993 tá an céatadán den daonra a mbeadh brón orthu dá n-éireadh furmhór daltaí scoile as foghlaim na Gaeilge méadaithe ó 67% i 1973 go 78% i 1993 (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1994 l 24). Dar le Ó Riagáin (1997 l 181) tá an leibhéal éigeantachta atá ceangailte leis an nGaeilge faoi láthair ag an leibhéal a bhfuil an pobal sásta a fhulaingt chun an Ghaeilge a choinneáil mar ábhar caighdeánach sna scoileanna.

Gné eile de mheon atá ábharach don teanga sa chóras oideachais ná ‘Inmharthanacht na Gaeilge’. Cé go bhfuil furmhór an daonra thar na trí shuirbhé mímhúinéach as todhchaí na Gaeilge nochtadh feabhsú beag meoin sa gné seo sa suirbhé náisiúnta 1993. Mar shampla tá an céatadán a chreideann go bhfuil an

Ghaeilge sean-fhaiseanta nó imithe in éag laghdaithe beagán (Ó Riagáin 1994 l 22).

Maidir leis an meon diúltach a léiríodh i leith fhoghlaim na Gaeilge braitear nach bhfoghlaimítear dóthain Gaeilge a éascódh a húsáid tar éis an scoil a fhágáil. Meastar freisin go bhfuil dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus dul chun cinn ginearálta oideachasúil agus dá bharr sin go n-úsáidtear í chun idirdhealú neamhfhéireálta a dhéanamh idir daltaí ó chúlraí éagsúla (CILAR 1975 l 294). Chothaíonn an dúthracht bhreise lenar múineadh í diúltacht freisin (CILAR l 71). Ach éiríonn an meon níos fabhraí tréimhse áirithe tar éis an scoil a fhágáil. Tarlaíonn sé seo toisc go ndéantar ginearalú ar mhíniú na Gaeilge chun gnéithe eile seachas an Ghaeilge sa scoil a chuimsiú (CILAR 1975 lgh 294-296). Mar shampla luann 39% den daonra náisiúnta gurb é méadú feasachta ar an tábhacht eitneach agus ar luach na Gaeilge faoi ndear an athraithe (l 96).

Ó thaobh cumais, éascaíonn an curaclam cumas fulangach i léitheoireacht, tuiscint agus éisteacht ach ní chothaíonn sé inniúlacht cumarsáide éifeachtach do thriomlach na ndaltaí (CILAR 1975 l 322). Tarlaíonn meath cumais le himeacht aimsire ón uair a fhágtar an scoil ach ní ó leibhéal ardinniúlachta a chailtear an cumas ach ón meánleibhéal (CILAR 1975 l 183).

Go ginearálta, i gcomhthéacs na laige i bhforbairt ardinniúlachta sa chóras agus i gcomhthéacs an mhéadaithe ar an líon daoine, a luadh cheana i mír 1.1.7, nár tháinig as teaghlaigh Ghaeilge ach atá ag úsáid Gaeilge anois, glactar leis go bhfuil rathúlacht níos mó ag gabháil leis an Ghaeilge Scoile chun meon dearfach a chothú ná chun ardinniúlacht a fhorbairt (CILAR 1975).

Maidir leis na húsáideoirí seo a spreagadh chun na Gaeilge níos déanaí agus atá níos líonmhaire ná na príomhdhátheangaigh taobh amuigh den Ghaeltacht anois dar le CILAR (1975 l 203) is é an méid suntasach Gaeilge a bhí acu ina gclár

Gaeilge ar scoil a spreag an feiniméan seo. Ach léiríonn CILAR (1975 l 210-211) freisin gur eascair trian d'úsáideoirí reatha astu siúd nár úsáid an teanga sa bhaile ná sa scoil seachas sa rang Gaeilge. Níl míniú cinntitheach air seo ach glactar leis go dtosaíonn an úsáid ar phósadh nó ar thionscain teaghlaigh. Tá tionchar ag cumas an chéile ar úsáid bhaile freisin.

Nochtann staidéar CILAR an tábhacht atá idir meon tuismitheoirí agus rathúlacht na Gaeilge sa chóras oideachais. Dar le CILAR (1975 l 139, 142) tá gaol idir meon dearfach tuismitheoirí i leith na Gaeilge agus meon dearfach a leanaí, gnóthachtáil ard na leanaí san oideachas go ginearálta, cumas na leanaí sa Ghaeilge agus rogha an chineáil scoile ar bhonn meán teagaisc do na leanaí. Tá tionchar ag méid na húsáide baile le linn na hóige ar chumas agus ar roghnú scoile ar bhonn an mheáin teagaisc freisin (CILAR 1975 l 153).

Dar le Ó Riagáin (1997 l 193) tá Gaelscoileanna roghnaithe dá leanaí ag grúpa gur as teaghlaigh Bhéarla iad, agus tá cosúlacht ann go gcothaíonn na Gaelscoileanna roinnt dátheangachais sa bhaile agus go spreagann siad na tuismitheoirí seo isteach i líonraí Gaeilge.

Maidir le roghnú Gaelscoile don chlann nochtadh i staidéar ar Ghaelscoileanna i mBaile Átha Cliath a rinne Ó Riagáin agus Ó Gliasáin (1979 lgh 39-42) gur chuir na tuismitheoirí fachtóirí oideachasúla agus caothúlachta cosúil le cóimheas múinteoirí le daltaí, dea-cháil na scoile agus cóngarachacht don bhaile san áireamh. Mar sin féin i measc an 64% de thuismitheoirí a luaigh fachtóirí teanga amháin nó fachtóirí teanga agus fachtóirí oideachasúla araon, mar bhunús an rogha scoile bhí mionlach tábhachtach a chaithfeadh toscaí praiticiúla go léir ar leataobh ar son na teanga. Caithfear a chur san áireamh go raibh stádas socheacnamaíochta, leibhéal oideachais, cumas agus meon níos fearr ná an daonra náisiúnta ag na tuismitheoirí seo cé nár úsáid ach 15% díobh an Ghaeilge ar leibhéal substaintiúil sar a thosaigh na páistí sa Ghaelscoil (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979 lgh 26-28, 35). Tá easpa

cumais mar cheann de na toiscaí a chuirfeadh cosc ar thuismitheoirí gaeilscoil a roghnú dá leanaí. Tarlaíonn sé seo mar bíonn eagla ar na thuismitheoirí nach mbeadh siad in ann cabhair a thabhairt do na leanaí leis an obair bhaile ach go háirithe (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979 l 108).

Maidir le spreagadh úsáid na Gaeilge sa bhaile braitheann na thuismitheoirí ar an nGaeilscoil chun cumas agus úsáid sa bhaile a mhéadú mar níl siad toilteanach nó in ann na leanaí a spreagadh chun Gaeilge a úsáid sa bhaile gan tacaíocht na scoile. Tarlaíonn an úsáid is mó idir thuismitheoirí agus leanaí agus ní úsáideann 45% de thuismitheoirí Gaeilge eatarthu féin ar chor ar bith. Is ag am béilí agus ag cuidiú le hobair bhaile na suímh is mó ina leirítear breis úsáide. Chabhraigh 67% de thuismitheoirí leis an obair bhaile ó thosaigh páiste sa Ghaelscoil agus is í an obair bhaile faoi ndear méadú ar ardleibhéal úsáide (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979 l 60-65). Dar leis na húdair chéanna (l 69) tá úsáid chomhalartach mar norm úsáide i measc thuismitheoirí agus leanaí atá ina n-ardúsáideoirí murab ionann agus an patrún atá i measc úsáideoirí ísle mar a bhfuil an tuiscint ceangailte le tosú comhrá as Gaeilge go bhfuil an tionscnóir ag cur iallach ar an bhfreagróir leanúint ar aghaidh trí Ghaeilge.

Tá sé níos éasca úsáid bhaile a mhéadú má tá cumas ard ag thuismitheoirí ach mar sin féin teipeann ar cheathrú de thuismitheoirí le cumas ard úsáid bhaile a mhéadú nuair a thosaíonn páiste sa Ghaelscoil. D'éirigh le mionlach suntasach de thuismitheoirí le cumas íseal sa staidéar úsáid bhaile a mhéadú go dtí an leibhéal úsáide is airde (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979 l 74). Léiríonn na húdair (l 136) go bhfuil amhras faoi inmharthanacht na húsáide baile tar éis do na daltaí an scoil a fhágáil de dheasca na deacrachta úsáid a chothú idir na thuismitheoirí féin. Tá baol ann freisin go dtiocfaidh na leanaí ar an tuairim go bhfuil gné mhí-nádúrtha gafa le húsáid na Gaeilge idir thuismitheoir agus leanaí amháin agus go ndéanfaidh siad idirdhealú idir úsáid bhaile agus úsáid scoile (Schmidt-Mackey luaite Ó Riagáin agus Ó Gliasáin (1979 l 137).

Spreagtar úsáid i gcomhthéacs na scoile freisin agus cé go bhfuil gaol sonrath idir cumas agus úsáid sa scoil léirítear go bhfuil roinnt máithreacha ag déanamh iarracht chomh tréan nach mbeifí ag súil léi ar bhonn a gcumais chun an Ghaeilge a úsáid (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979 l 96).

I bhfianaise a léiríonn go bhforbraíonn líonraí sóisialta as an líonra scoile, thuariscigh 66% de thuismitheoirí go raibh a dteagmháil le teaghlaigh Ghaelscoile méadaithe ó thosaigh na leanaí sa Ghaelscoil i gcomparáid le 55% a luaigh go raibh a dteagmháil leis an nGaelscoil féin méadaithe sa tréimhse chéanna (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979 l 106). Den chuid is mó tá na cainteoirí Gaeilge i líonraí sóisialta na n-ardúsáideoirí baile i nGaelscoil ar cumas ard agus úsáideann siad an Ghaeilge go minic (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1979 l 114).

Léiríonn Ó Riagáin agus Ó Gliasáin (1979 lgh 125-127) freisin go spreagtar na líonraí sóisialta seo fiú ina measc siúd nach raibh aon cheangal acu le líonraí sóisialta roimhe sin. Tá líonraí sóisialta níos dlútha agus níos fairsinge ag úsáideoirí baile arda agus tá cosúlacht ann go raibh na líonraí tionscanta acu sar a chuir siad na leanaí go scoil Lán-Ghaeilge agus nach bhfuil sna scoileanna ach limistéar úsáide breise. Braitheann na lagúsáideoirí baile ar theagmháil leis an scoil Lán-Ghaeilge níos mó ná na hardúsáideoirí chun a líonraí sóisialta a chothabháil ach tá na lagúsáideoirí níos fearr chun tuismitheoirí eile a mhealladh chun tumoideachas a roghnú. Tá cosúlacht ann, dar leis na húdair (l 114) nach n-éascaíonn na hardúsáideoirí, ach oiread cead isteach sna líonraí sóisialta taobh amuigh de chomhthéacs na scoile do nua-úsáideoirí. Dar le an gCoiste Comhairleach Pleanála (1988 l 30) tá deacrachtaí ar leith ag nua-úsáideoirí maidir le briseadh isteach i líonraí sóisialta go háirithe nuair nár tógadh le Gaeilge iad nó nár cuireadh tumoideachas orthu.

Dar le Hindley (1990 l 176) tá tuiscint i measc an phobail go bhfuil dearcadh ag Gaeilgeoirí áirithe a léiríonn éilíteachas agus barrchéimíocht agus a dhiúltaíonn cead isteach sna líonraí sóisialta don ghnáthdhuine nach bhfuil cumas maith teanga aige. Deir sé gurb amhlaidh go gcothaíonn an easpa feasachta ar neamhoscailteacht na líonraí sóisialta an bhraistint seo agus nach d'aon ghnó a chuirtear chuige chun daoine a choinneáil amach.

Maidir leis an Ghaeilge a bheith mar ábhar iomlán roghnach sa chóras oideachais, gan gá staidéar a dhéanamh uirthi ar chor ar bith, mhéadófaí ar líon na gcainteoirí ar ardinniúlacht mar d'fhéadfaí na hacmhainní a dhírú ar chothú inniúlachta ach bheadh deacracht á cruthú do dhaltaí ar chumas níos ísle agus a d'fhéadfadh suim a bheith acu sa Ghaeilge níos faide anonn (CILAR 1975 l 325).

2. Modheolaíocht

Bhí sé mar aidhm ag an gcás staidéar seo eolas a bhailiú faoi mheonta i leith fhoghlaim na Gaeilge le linn a gcuid scolaíochta i measc grúpa de thuismitheoirí maraon le heolas faoina gcumas reatha féin-mheasúnaithe. Díríodh freisin ar eolas faoi úsáid reatha na Gaeilge agus faoi dheiseanna úsáide i rith na bliana seo caite a fháil amach. Úsáideadh suirbhé chun na sonraí faoi mheonta, cumas, úsáid agus deiseanna úsáide a bhailiú agus úsáideadh agallaimh leath-struchtúrtha chun cur leis na sonraí ón suirbhé.

Sampla

Roghnaíodh dhá bhunscoil chun an suirbhé a dhéanamh i measc na dtuismitheoirí iontu agus chun agallamh a dhéanamh le cuid de na rannpháirtithe a thoiligh chuige. Bhí an dá scoil i ngiorracht tríocha míle do Bhaile Átha Cliath. Bhí na scoileanna mór go leor chun go mbeadh post an phríomhoide i ngach scoil mar phost riaracháin. Ba í Gaeilge a bhí mar mheán teagaisc sa Ghaelscoil agus múineadh í mar ábhar caighdeánach sa Ghnáthscoil. Bhí Gnáthscoil i gcúlchríoch na Gaelscoile ach ní raibh aon Ghaelscoil sa bhaile céanna leis an nGnáthscoil.

An Ceistneoir

Úsáideadh ceistneoir a d'úsáid Murtagh (2003) i staidéar a rinne sí ar choinneál agus mheath na Gaeilge mar Theanga a Dó i measc mac léinn ag deireadh a gcuid scolaíochta iar-bhunoideachais. Mhodhnaigh sí an ceistneoir ón Deascán Trialach um Dhearcadh /Inspreagadh (*Attitude/Motivation Test Battery*) a d'fhorbair R.C. Gardner agus a chomhghleacaithe sna 1980aidí (Murtagh 2003).

Sa Deascán Trialach sonraítear na trí thomhas is fearr chun dearcadh/inspreagadh ina iomláine a thomhas. Is iad Inspreagadh (*Motivation*), Comhthátháochas (*Integrativeness*) agus Meonta i leith an tSuímh Fhoghlama (*Attitudes to the Learning Situation*) (Murtagh 2003 l 47).

Dar le Gardner (1985 lgh 50-55) tá ceithre ghné bainteach le hInspreagadh, sprioc, iompraíocht ceangailte le hiarracht, fonn chun an sprioc a bhaint amach agus meonta fabhracha i leith na gníomhaíochta idir lámha. Tá an sprioc éagsúil ó

na gnéithe eile sa mhéid is nach féidir é a thomhas mar inspreagadh. Is ionann é agus an fáth atá taobh thiar den inspreagadh. Tugann Gardner (1985 l 54) ‘treoshuíomh’ (*orientation*) air. Mar sin cuimsíonn Inspreagadh an chnuasacht scálaí a thomhasann na trí ghné eile – Déine an Inspreagtha (*Motivational Intensity*) a chiallaíonn an iarracht a dhéantar chun Teanga a Dó a fhoghlaim, Dúil i bhfoghlaim na Teanga (*Desire to learn the Language*) a chiallaíonn go dteastaíonn ó dhuine Teanga a Dó a fhoghlaim agus Meon i leith Fhoghlaim na Teanga (*Attitude towards learning the Language*) atá ceangailte le sástacht leis na gníomhaíochtaí atá i gceist chun an teanga a fhoghlaim. D’fhéadfadh treoshuíomh a bheith taobh thiar den Inspreagadh nó ní gá go mbeadh (Gardner 1985 lgh 50-55).

Ciallaíonn an dara tomhas, Comhtháthaíochas meon fabhrach i leith phobal na sprioctheanga nó fonn chun dlúthbhaint a bheith ag duine le grúpa lasmuigh. Cuimsíonn Comhtháthaíochas na scálaí seo leanas - Meonta i leith spriocphobal na teanga (*Attitudes towards the target language group*), Suim i dteangacha eachtrannacha (*Interest in foreign languages*) agus Treoshuíomh Comhtháthaíoch (*Integrative Orientation*). Tá an tomhas Meonta i leith an tSuímh Fhoghlama gafa le sonraíocht an chomhthéacs fhoghlama. Cuimsíonn sé na scálaí Meas i leith mhúinteoir na teanga (*Evaluation of the language teacher*) agus Meas i leith chúrsa na teanga (*Evaluation of the language course*) (Murtagh 2003 l 47).

Is féidir na trí thomhas, Inspreagadh, Comhtháthaíochas agus Meonta i leith an tSuímh Fhoghlama a úsáid go léir le chéile nó is féidir scálaí ábharacha a roghnú astu bunaithe ar riachtanais an staidéir (Gardner 1988 luaite i Baker 1992 l 33). D’úsáid Murtagh (2003) na trí scála chun Inspreagadh a thomhas maraon leis an scála Meas i leith chúrsa na teanga as an tomhas Meonta i leith an tSuímh Fhoghlama agus dhá scála eile as an Deascán Trialach um Dhearcadh/Inspreagadh, Inní sa Rang Gaeilge (*Irish Class Anxiety*) agus Spreagadh Tuismitheoirí (*Parental Encouragement*).

Roghnaigh sí ‘Inspreagadh’ seachas ‘Comhtháthaíochas’ mar léiríodh i staidéar Harris agus Murtagh 1999 go raibh ‘Inspreagadh’ mar thuar níos fearr ar ghnóthachtáil Ghaeilge. Chun na míreanna den cheistneoir a chur in oiriúint don chomhthéacs Éireannach ionannaíodh an focal ‘Fraincis’ leis an bhfocal ‘Gaeilge’ de dheasca an ceistneoir a bheith ceaptha an chéad lá riamh i gcomhthéacs na Fraincise mar Theanga a Dó (Murtagh 2003 l 47).

Toisc an staidéar seo a bheith dírithe ar mheonta bheadh sé suimiúil an tInnéacs Treoshuíomh as an Deascán Trialach um Dhearcadh /Inspreagadh, a rangaíonn fáthanna le foghlaim teanga mar Threoshuíomh Ionstraimeach (*Instrumental Orientation*) nó mar Threoshuíomh Comhtháthaíoch (*Integrative Orientation*) a úsáid i dteannta na scálaí eile a úsáideadh, cé go mbeadh sé riachtanach an saincheist chroschultúrtha a chur san áireamh, ach trí dhearmad fágadh ar lár é.

Cruth an Cheistneora

Sa staidéar seo níor úsáideadh na scálaí go léir a bhí i gceistneoir Murtagh. Úsáideadh na trí scála as an tomhas Inspreagadh: Meon i leith Fhoghlaim na Gaeilge, Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge agus Déine an Inspreagtha agus scála amháin eile, Spreagadh Tuismitheoirí as an Deascán Trialach. Fágadh ar lár na scálaí Imní sa Rang Gaeilge agus Meas i leith an Chúrsa Ghaeilge a lorgaíonn eolas faoin gcúrsa agus faoin rang Gaeilge mar ní raibh siad ábharach i gcás na rannpháirtithe sa staidéar seo.

Úsáideadh an ceistneoir sa leagan Béarla. Bhí sé riachtanach an aimsir sna míreanna i gceistneoir Murtagh a athrú ón aimsir láithreach go dtí an aimsir chaite. Freisin bhí sé riachtanach ceist amháin as ceistneoir Murtagh a athrú. De dheasca aois na dtuismitheoirí ní bheadh an mhír faoi TG4 ábharach dá bhfurmhór nuair a bhí siad ar scoil. Bunaíodh T na G, seirbhís teilifíse ar uaire teoranta i bhfomhar na bliana 1996 agus athsheoladh í mar TG4 sa bhliain 1999 (Watson 2003 lgh 117,124). Ní bheadh ar fáil i rith scolaíocht fhurmhór na dtuismitheoirí ach cláracha Gaeilge ar an dá phríomhchainéal RTÉ. Mar sin bhí sé riachtanach an mhír ‘Maidir le TG4...’ (*As regards TG4...*) a bhí i gceistneoir Murtagh a

athrú go ‘Maidir le cláracha Gaeilge ar an teilifís...’ (*As regards Irish T.V. programmes...*).

I gCuid a hAon den Cheistneoir bhí deich mír i bhfoirm ráiteas faoin scála Meon i leith Fhoghlaim na Gaeilge as an tomhas Inspreagadh agus deich mír i bhfoirm ráiteas faoi scála eile, Spreagadh Tuismitheoirí as an Deascán Trialach. Bhí ord mhíreanna an dá scála fite fuaite trína chéile. Úsáideadh an scála Likert le seacht bpointe, chun a thomhas cé chomh láidir a d’aontaigh nó a d’easaontaigh na freagróirí le gach ráiteas. Dar le Neuman (1991 l 207) tá an scála Likert a d’fhorbair Rensis Likert sna 1930idí in úsáid fhorleathan i suirbhéanna chun tomhas orduimhriúil a sholáthar faoi mheon. Maidir leis na seacht bpointe rátála a úsáideadh anseo chuaigh an raon ó ‘easaontú tréan’ go ‘aontú tréan’ le ‘neodrach’ i lár baill.

Chun claonadh freagartha i bhfoirm freagairt uathoibríoch de réir shuíomh na catagóire freagartha sa scála Likert a sheachaint bhí foclaíocht dhiúltach i gcuid de na míreanna (Murtagh 2003 l 48). Sa scála Meon i leith Fhoghlaim na Gaeilge bhí deich mír san iomlán le foclaíocht an triomlaigh dearfach [m.sh. ‘Bhain me an-taitneamh as foghlaim na Gaeilge’ (*I really enjoyed learning Irish*)] agus an fhoclaíocht sna míreanna eile diúltach [m.sh. ‘Cheap mé go raibh foghlaim na Gaeilge leadránach’ (*I thought that learning Irish was dull*)]. Rinneadh athchódáil ar na freagairtí diúltacha i marcáil na scór i dtreo is gur tugadh an scór ab airde don bhfreagairt a léirigh an meon ab fhabhraí. Mar shampla i míreanna le foclaíocht dhearfach i leith na Gaeilge cosúil le ‘Bhí an Ghaeilge mar chuid thábhachtach den chlár scoile’ (*Irish was an important part of the school programme*) tugadh seacht marc don bhfreagairt ‘Aontú Tréan’ agus marc amháin do ‘Easaontú Tréan’. Tharla a mhalairt maidir le míreanna le foclaíocht dhiúltach cosúil le ‘B’fhuath liom an Ghaeilge’ (*I hated Irish*). Sa chás sin tugadh marc amháin don bhfreagairt ‘Aontú Tréan’ agus seacht marc do ‘Easaontú Tréan’. Bhí 70 marc ar an scór ab airde.

Sa scála Spreagadh Tuismitheoirí bhí foclaíocht dhearfach faoi na míreanna go léir. Bhí sé mar aidhm leis na míreanna seo a fháil amach cé mhéad tacaíochta, dar leis na freagróirí, a thug a dtuismitheoirí dóibh le foghlaim na Gaeilge nuair a bhíodar ar scoil. Arís bhí 70 mar uas-scór.

Bhí an dá scála eile den tomhas Inspreagadh, Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge agus Déine an Inspreagtha i gCuid a Dó den Cheistneoir. Bhí deich mír ilroghnacha i ngach scála le trí rogha a, b, nó c in aghaidh an ráitis. Bhí ord mhíreanna an dá scála fite fuaite trína chéile. Bhí luach na scór do gach mír sa raon 1- 3 mharc.

Bhí an scála Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge dírithe ar an dúil chun Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt oiread agus ab fhéidir (Murtagh 2003). Ba é 30 uas-scór an scála seo. Thomhais an scála Déine an Inspreagtha méid na hiarrachta féin-mheasúnaithe a rinneadh chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Bhí 30 mar uas-scór anseo freisin.

Sa tríú cuid den cheistneoir bhí ceithre mhír ag lorg eolais faoi chumas féin-mheasúnaithe an fhreagróra féin agus faoi úsáid Ghaeilge. Ní raibh an chuid seo bunaithe ar thréimhse scolaíochta na dtuismitheoirí ná ar an Deascán Trialach. Bhí an chéad mhír faoi chumas bunaithe ar scála a úsáideadh sna suirbhéanna náisiúnta. D'iarr an dara mír ceist faoi mhinicíocht úsáide baile ag éinne sa teaghlach. Bhí catagóirí an scála seo bunaithe ar shuirbhéanna náisiúnta freisin. Lorgaíonn an tríú mír eolas faoi na deiseanna a bhí ag na tuismitheoirí chun Gaeilge a labhairt i gcaitheamh na bliana seo caite agus i gceist cheannoscailte lorgaíonn an ceathrú mír eolas faoi na suímh ina n-úsáidtear Gaeilge.

Fachtóirí Cúlra

Bhí cuid ar leith sa Cheistneoir ag lorg eolais faoi athróga cúlra - aois, inscne, leibhéal oideachais, gairm bheatha agus an meán teagaisc trínar cuireadh oideachas ar na freagróirí.

Dáileadh an Cheistneora

Thug na príomh-oidí na ceistneoirí amach do na leanaí le tabhairt abhaile. Iarradh go gcuirfí na ceistneoirí comhlíonta ar ais an tseachtain ina dhiaidh. Ba é 51% an ráta chur ar ais na gceistneoirí sa Ghnáthscoil agus 50% sa Ghaelscoil. Bhíothas ag súil go gcuirfí ar ais níos mó ceistneoirí ón nGaelscoil ná ón nGnáthscoil. Bheadh an ráta níos airde sa Ghnáthscoil ach bhí 7% a chuir ar ais ceistneoirí sínithe á rá nach bhfuair siad a gcuid scolaíochta in Éirinn. Bhí 2% de na ceistneoirí ón nGaelscoil nárbh fhéidir a úsáid toisc nár comhlíonadh an chuid leis na sonraí cúlra pearsanta.

Agallaimh

Cuireadh agallaimh leathstruchtúrtha ar thriúr rannpháirtithe ó gach scoil nuair a bhí fúmhór na gceistneoirí istigh. Reáchtáladh na hagallaimh sa scoil ag deireadh Meithimh 2007 agus tógadh nótaí fad a bhí siad ar siúl.

3. Torthaí

Réamhrá

Bhí sé mar aidhm leis an staidéar seo léargas a fháil ar mheon tuismitheoirí i leith fhoghlaim na Gaeilge i gcomhthéacs an naisc idir meon, cumas agus úsáid.

Díríonn an staidéar ar thuismitheoirí a rinne cinntí difriúla maidir le foghlaim na Gaeilge i dtaca lena leanaí. Chinn grúpa amháin go mbeadh oideachas trí mheán na Gaeilge ag a leanaí agus chuir siad chuig Gaelscoil iad. Shocraigh an grúpa eile a leanaí a chur go Gnáthscoil, áit a raibh Béarla mar mheán teagaisc agus a raibh Gaeilge á foghlaim mar ábhar caighdeánach.

Sa chaibidil seo cuirfear torthaí ar fáil a soláthraíodh trí fhreagairtí tuismitheoirí do cheisteanna faoin meon a bhí acu i leith fhoghlaim na Gaeilge nuair a bhí siad ar scoil, faoin gcumas labhartha Gaeilge atá, dar leo, anois acu agus faoin bpatrún úsáide a chleachtaíonn siad anois. Bailíodh an t-eolas seo trí cheistneoir sochtheangeolaíoch a tugadh amach do thuismitheoirí sa Ghaelscoil agus sa Ghnáthscoil.

Sa dara chuid den chaibidil cuirfear ar fáil eolas a bailíodh trí agallaimh le seisear tuismitheoirí faoin meon atá acu i leith na Gaeilge san oideachas i gcomhthéacs a gcleachtais reatha leis an nGaeilge. Cuireann an t-eolas seo le torthaí an cheistneora.

Ar dtús tabharfar eolas faoi chúlra na dtuismitheoirí. Ansin láithreofar na torthaí faoi chumas agus úsáid na dtuismitheoirí agus ina dhiaidh sin na torthaí faoina meon. Tabharfar léargas freisin ar na ráitis cháilíochtúla a cuimsíodh sa cheist cheannoscailte faoi shuímh úsáide i gCuid a Trí den Cheistneoir. Ina dhiaidh sin cuirfear torthaí na n-agallamh i láthair.

Cúlra na bhFreagróirí

Bhí caoga freagróir ón nGaelscoil agus caoga a haon ón nGnáthscoil mar dhaonra an staidéir. Bhí an raon aoise idir 23 agus 65. Ní raibh ach beirt faoi bhun 30 agus triúr ós cionn 50. Ba iad 39, 40 agus 41 na haoiseanna ba chomónta. Ba iad máithreacha den chuid ba mhó, 80.2% den iomlán a chomhlíon na ceistneoirí. Bhí aon fhear déag (22%) i measc thuismitheoirí na Gaelscoile agus naonúr (17.6%) as an nGnáthscoil. Níor tháinig aon thuismitheoir as baile inar labhraíodh Gaeilge le linn a óige. Bhí leibhéal oideachais bunscoile/iar-bhunscoile ag 50% de thuismitheoirí Ghaelscoile agus ní raibh oideachas tríú leibhéal/iarchéime ach ag aon trian de thuismitheoirí Ghnáthscoile. Ní raibh ach beirt (2% den iomlán) a bhí sa Ghaelscoil ar cuireadh oideachas meán-Ghaeilge orthu agus mar sin ní rabhthas in ann meán teagaisc na dtuismitheoirí a úsáid mar athróg. Cé gur bailíodh eolas faoi ghairmeacha beatha ní raibh sé faoin staidéar seo anailís bunaithe ar stádas socheacnamaíochta na bhfreagróirí a dhéanamh.

Torthaí an Cheistneora

Cumas labhartha Gaeilge féin-mheasúnaithe

Tuairiscítear anseo ar na torthaí a bailíodh faoi chumas féin-mheasúnaithe i gcuid a Trí den Cheistneoir. Léiríonn comparáid idir an grúpa thuismitheoirí iomlán agus an daonra náisiúnta atá sa cholún deireanach de Thábla 3.1 thíos go bhfuil cumas féin-mheasúnaithe na dtuismitheoirí níos airde ar an iomlán ná cumas na bhfreagróirí sa suirbhé náisiúnta.

Tá tuairim is trí cheathrú de gach grúpa thuismitheoirí sa staidéar seo, maraon leis an ngrúpa ina iomláine, ar mheáninniúlacht ('beagán abairtí simplí' agus 'cuid de

chomhráite’) fad nach bhfuil ach 40% ag an leibhéal seo sa suirbhé náisiúnta. Tá na mic léinn i staidéar Murtagh go mór chun tosaigh ag an ardleibhéal le beagnach a leath in inmhe ‘an chuid is mó de chomhráite’ ar a laghad i gcomparáid le 11% de na tuismitheoirí leis an inniúlacht chéanna.

Tábla 3.1 : Cumas labhartha féin-mheasúnaithe sa Ghaeilge					
Conas a chuirfeá síos ar do chumas <i>labhartha</i> sa Ghaeilge?	Céatadán Freagróirí				
	Scoileanna			Staidéar Murtagh 2003 (u= 239)	Suirbhé Náisiúnta 1993 (u= 976)*
	Gaelscoil (u= 50)	Ghnáthscoil (u= 51)	Iomlán (u=101)		
Gan Ghaeilge		2	1	.8	18
Focal nó dhó amháin	8	19.6	13.9	.8	32
Beagán abairtí simplí	28	52.9	40.6	11.7	17
Cuid de chomhráite	46	21.6	33.7	38.1	22
An chuid is mó de chomhráite	12	3.9	7.9	29.3	9
Cumas cainteora dúchais	6		3	19.2	2
* sampla bunaithe ar rolla na dtoghdóirí (Ó Riagáin agus Ó Gliaáin 1994)					

Sí an chatagóir ‘beagán abairtí simplí’ an chatagóir is líonmhaire sa Ghnáthscoil (53%) agus is í an chatagóir seo a léiríonn an méadú is mó i gcomparáid leis an daonra náisiúnta dá bhfuil 17% ag an leibhéal cumais seo. Tá an chatagóir cumais is líonmhaire sa Ghaelscoil, ‘cuid de chomhráite’ (46%) ag leibhéal amháin níos airde ná an ceann is líonmhaire sa Ghnáthscoil (53%).

Níl éinne sa Ghaelscoil i gcomparáid le 2% sa Ghnáthscoil a thuairiscíonn go bhfuil siad gan Ghaeilge agus níl ach 8% sa Ghaelscoil nach bhfuil ach ‘focal nó dhó amháin’ acu i gcomparáid le 19.6% sa Ghnáthscoil atá ag an leibhéal íseal seo. Ag an ardleibhéal tá an Ghaelscoil, mar a bhfuil ‘an chuid is mó de chomhráite’ ar a laghad ag 18% go mór chun tosaigh ar an nGhnáthscoil, áit nach bhfuil ach 3.9% ag an leibhéal cumais seo.

Úsáid na Gaeilge sa Bhaile

Chun léargas a fháil ar an leas a bhaintear as cumas sa Ghaeilge cuirtear síos anseo ar an mhinicíocht lena n-úsáideann éinne i dtithe na dtuismitheoirí Gaeilge sa bhaile. Déantar comparáid freisin le sonraí úsáide ón Suirbhé Náisiúnta agus ó staidéar Murtagh 2003.

Tábla 3.2 : Minicíocht Úsáide					
Úsáid Ghaeilge sa Bhaile mar a thuairiscigh tuismitheoirí í					
Cé chomh minic, más riamh, a labhraíonn <i>éinne sa teach</i> agatsa Gaeilge faoi láthair?	Céatadán Tuismitheoirí				
	Scoileanna			Staidéar	Suirbhé
	Gaelscoil (u= 50)	Ghnáthscoil (u= 51)	Iomlán (u=101)	Murtagh 2003 (u=239)	Náisiúnta 1993 (u= 976)*
Ní labhraíonn éinne Gaeilge riamh	4	27.5	15.8	40.2	71
Go hAnnamh	8	37.3	22.8	25.9	16
Anois is arís	48	33.3	40.6	21.8	10
Go minic	26	2	13.9	8.4	3
Go mion minic	14		6.9	3.8	

* sampla bunaithe ar rolla na dtoghóirí (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin 1994)

Mar a fheictear i dTábla 3.2. tá céatadán na dtuismitheoirí (40%) a labhraíonn Gaeilge ‘anois is arís’ ceithre oiread chéatadán an daonra náisiúnta agus dhá oiread chéatadán na mac léinn i staidéar Murtagh leis an leibhéal úsáide céanna.

Is é ‘anois is arís’ (48%) an leibhéal úsáide is minice sa Ghaelscoil agus is é ‘go minic’ (26%) an chéad leibhéal eile is minice. Ós a choinne sin is é ‘go hannamh’ (37%) an leibhéal is minice sa Ghnáthscoil agus is é ‘anois is arís’ (33%) an chéad leibhéal eile is minice.

Níl ach beirt tuismitheoirí Ghaelscoile (4%) agus 14 tuismitheoirí Ghnáthscoile (27.5%) nach labhraítear Gaeilge sa teach acu i gcomparáid le 71% den daonra náisiúnta agus 40% de na mic léinn. Úsáidtear Gaeilge sa teach ar a laghad ‘anois is arís’ ag 88% d’fhreagróirí Ghaelscoile agus ag 35% d’fhreagróirí Ghnáthscoile i gcomparáid le 13% den daonra náisiúnta.

Deis Labhartha na Gaeilge

Tugann na deiseanna labhartha a thuairiscíonn na freagróirí a bheith ar fáil léargas ar úsáid na Gaeilge freisin.

Tábla 3.3 : Deis labhartha sa Ghaeilge				
I gcaitheamh na bliana seo caite cé mhéad deiseanna a bhí agat Gaeilge a labhairt?	Céatadán Tuismitheoirí			Staidéar Murtagh 2003 (u=239)
	Scoileanna			
	Gaelscoil (u= 50)	Gnáthscoil (u= 51)	Iomlán (u= 101)	
Deis ar bith	4	29.4	16.8	32.6
Fíorbheagán	8	37.3	22.8	19.7
Beagán	28	31.4	29.7	20.1
Roinnt mhaith	48	2	24.8	19.2
Méid mór	12		5.9	8.4

Is léir go bhfuil deiseanna labhartha sa bhreis ag an nGaelscoil ná mar atá ag an nGnáthscoil, rud a rabhthas ag súil leis. Ní fhaigheann tuairim is trian de thuismitheoirí sa Ghnáthscoil i gcomparáid le 4% sa Ghaelscoil deis ar bith. Ag an gceann eile den scála faigheann 12% de thuismitheoirí Ghaelscoile ‘méid mór’ deiseanna fad nach bhfuil éinne sa Ghnáthscoil a fhaigheann an oiread céanna deiseanna. Faigheann 88% de thuismitheoirí Ghaelscoile i gcomparáid le 33.4% de thuismitheoirí Ghnáthscoile ‘beagán’ deiseanna ar a laghad.

Na Suímh ina n-úsáidtear Gaeilge

Tugann na suímh ina n-úsáidtear Gaeilge léargas níos cruinne ar phatrún agus ar cháilíocht na húsáide maidir leis an nGaeilge. Bailíodh an t-eolas seo trí cheist cheannoscailte. Luadh a lán suíomh éagsúil. Rinneadh rangú orthu faoi na cinnteidil seo leanas:

1. Ní úsáidtear Gaeilge in aon suíomh ar bith
2. Úsáidtear Gaeilge a mhéad is féidir
3. Sa bhaile le leanaí, céile
4. Le daoine muinteartha, cairde, comharsana, comhghleacaithe
5. Clubanna agus Gníomhaíochtaí Gaeilge
6. Gníomhaíochtaí bainteach leis an scoil
7. Laethanta saoire thar lear, caint le neamh-náisiúnaigh
8. Limistéar proifisiúnta, obair
9. Úsáid fhulangach
10. Léitheoireacht, scríbhneoireacht
11. Obair Bhaile
12. Corrfhrásaí simplí

Liostáiltear de réir an rangaithe chuí na suímh éagsúla a tuairiscíodh sa cheist cheannoscailte i dTábla 3.4a thíos.

Tábla 3.4a :Céatadán* tuismitheoirí ag liostáil suíomh úsáide			
Suímh ina n-úsáidtear Gaeilge	Gaelscoil (u=50)	Gnáthscoil (u=51)	Iomlán (u=101)

Ní úsáidtear riamh í	8	17.6	12.9
A mhéad is féidir	6	3.9	5
<i>Sa bhaile le leanaí, céile</i>			
Sa bhaile leis an gclann	8	-	4
Ag caint leis na leanaí	52	-	25.7
Ag caint le fear/ bean chéile	6	2	4
<i>Clann, cairde, comharsana, comhghleacaithe</i>			
Clann agus gaolta	6	-	3
Cairde	10	2	5.9
Daoine aitheantais	2	2	2
Comhghleacaithe	6	-	3
<i>Clubanna, Gníomhaíochtaí Gaeilge</i>			
Cúrsaí Gaeilge	2	2	2
Abairtí simplí le daoine sa Ghaeltacht	2	2	2
Ag caint le daoine sa Ghaeltacht	2	-	1
Ag labhairt le leanaí nuair a bhí na leanaí sa Ghaeltacht	4	4	4
<i>Gníomhaíochtaí bainteach leis an scoil</i>			
Ag labhairt le múinteoirí	26	-	12.9
Corrchomhrá le tuismitheoirí	2	-	1
Nótaí chuig an múinteoir	2	-	1
Imeachtaí scoile	4	-	2
<i>Laethanta saoire thar lear, ag labhairt le neamh-náisiúnaigh</i>			
Laethanta saoire thar lear	2	2	2
I láthair neamh-náisiúnach, eachtrannach	-	4	2
<i>Limistéar proifisiúnta, obair</i>			
Ag obair	14	2	7.9
<i>Úsáid Fhulangach</i>			
TG4, Raidió	6	7.8	6.9
Éisteacht le ceol	2	-	1
Aifreann	2	-	1
Léitheoireacht, scríbhneoireacht	4	4	4
Obair Bhaile	24	66.7	45.5
Frásaí simplí	6	21.6	13.9
* Ní féidir na céatadáin a shuimiú thar na róanna toisc gurbh fhéidir le freagróirí líon ar bith suíomh a liostáil			

Mar a fheictear sa cholún deireanach i dTábla 3.4a níl ach 13% de na tuismitheoirí go léir nach n-úsáideann Gaeilge i suíomh ar bith. Tá a dhá oiread de thuismitheoirí Ghnáthscoile (18%) agus tuismitheoirí Ghaelscoile nach n-úsáideann Gaeilge ach níl an ráta neamhúsáide seo sa Ghnáthscoil chomh hard is a bheifí ag súil leis. Mar sin féin tá difríocht idir an dá ghrúpa tuismitheoirí maidir leis an tslí a n-úsáideann siad Gaeilge.

Úsáideann 60% de thuismitheoirí Ghaelscoile an Ghaeilge sa bhaile leis an gclann nó leis na leanaí fad nach bhfuil aon úsáid bhaile le clann nó le leanaí i measc thuismitheoirí Ghnáthscoile. (Is iad ‘sa bhaile leis an gclann’ agus ‘ag caint leis na leanaí’ faoin rangú ‘sa bhaile le leanaí, céile’ an dá fhochatagóir amháin atá comheisiatach). Labhraíonn 6% d’freagróirí Ghaelscoile agus freagróir amháin Ghnáthscoile (2%) Gaeilge go sonrach le fear/bean chéile.

Níl clann agus gaolta a labhraíonn freagróirí Gaeilge leo ach amháin ag tuismitheoirí sa Ghaelscoil dar líon triúr (6%). Tá comhthéacs labhartha breise eile i bhfoirm comhghleacaithe ag 6% de thuismitheoirí Ghaelscoile. Labhraíonn 10% de thuismitheoirí Ghaelscoile as Gaeilge le cairde i gcomparáid le 2% de thuismitheoirí Ghnáthscoile agus tarlaíonn idirghníomhaíocht as Gaeilge le daoine aitheantais i measc an chéatadáin chéanna (2%) sa dá scoil.

Ní thuairiscíonn ach beirt tuismitheoirí, duine as gach grúpa gur fhreastail siad ar chúrsa Gaeilge. Is ionann an céatadán (2%) sa dá ghrúpa a labhraíonn abairtí simplí le daoine sa Ghaeltacht agus is ionann an céatadán (4%) a labhraíonn Gaeilge lena leanaí fad atá na leanaí sa Ghaeltacht. Déanann 2% d’freagróirí Ghaelscoile comhrá níos réalaíche le muintir na Gaeltachta rud nach dtarlaíonn sa Ghnáthscoil.

Tá raon na ngníomhaíochtaí léitheoireachta agus scríbhneoireachta leathan go leor. Luann 4% de thuismitheoirí Ghaelscoile nuachtáin, teachtaireachtaí téacs, ríomhphostanna agus litreacha fad is iad comharthaí bóthair agus fotheidil theilifíse a luann an céatadán céanna sa Ghnáthscoil.

Is cosúil go spreagann láithreach neamh-náisiúnach nó eachtrannach daoine chun Gaeilge a labhairt ach go háirithe thuismitheoirí Ghnáthscoile, áit a labhraíonn 4% Gaeilge sa chomhthéacs seo fad nach bhfuil a macasamhail d'úsáid i measc thuismitheoirí Ghaelscoile. Úsáideann 2% de gach grúpa Gaeilge ar saoire thar lear. Cé go bhfuil na céatadáin a thuiriscítear anseo an-bheag, tá cosúlacht ann go bhfuil baint ag an bhfeiniméan seo le féiniúlacht náisiúnta agus cultúr na tíre, rud a nochtar freisin sna hagallaimh cháilíochtúla, mar a léireofar ar ball. Tá dóchúlacht ann freisin go n-úsáidtear Gaeilge sa chomhthéacs seo mar chód rúnda.

Go ginearálta tá na rátaí d'úsáid fhulangach a thuiriscítear íseal le 6% de thuismitheoirí Ghaelscoile agus beagnach 8% de thuismitheoirí Ghnáthscoile ag féachaint ar TG4 agus/nó ag éisteacht leis an raidió. Ní luann ach freagróir amháin atá sa Ghaelscoil freastal ar Aifreann mar chomhthéacs úsáide.

Úsáideann níos mó ná ceathrú de thuismitheoirí Ghaelscoile Gaeilge agus iad ag labhairt le múinteoirí na scoile. Scríobhann céatadán an-íseal (2%) nótaí as Gaeilge chuig na múinteoirí agus labhraíonn an céatadán céanna (2%) Gaeilge le thuismitheoirí eile. Ní úsáideann ach 4% Gaeilge le linn imeachtaí scoile. Ní tharlaíonn aon idirghníomhaíocht as Gaeilge leis an scoil i measc thuismitheoirí Ghnáthscoile.

Úsáideann 14% de thuismitheoirí Ghaelscoile Gaeilge san ionad oibre i gcomparáid le 2% de thuismitheoirí Ghnáthscoile. Níl an ráta íseal seo ag teacht leis an úsáid bhaile ard i measc thuismitheoirí Ghaelscoile ach is léir gur caint idir thuismitheoirí agus leanaí is mó atá i gceist san úsáid bhaile seo.

Luaitear cabhrú le leanaí san obair bhaile beagnach trí huair níos minice sa Ghnáthscoil ná sa Ghaelscoil le 66.7% de thuismitheoirí Ghnáthscoile ag cabhrú leis na leanaí san obair bhaile i gcomparáid le 24% de thuismitheoirí Ghaelscoile. Luann 22 thuismitheoir Ghnáthscoile (43%) i gcomparáid le beirt sa Ghaelscoil

(4%) obair bhaile mar an t-aon chomhthéacs amháin ina n-úsáidtear Gaeilge. I measc na dtuismitheoirí ardinniúla sa Ghaelscoil ag leibhéal ‘cumas cainteora dúchais’ agus ag leibhéal cumais ‘an chuid is mó de chomhráite’ níor luadh obair bhaile ar chor ar bith.

Úsáideann níos mó ná cúigiú de thuismitheoirí Ghnáthscoile frásaí simplí nó corrfhocal Gaeilge fad nach n-úsáideann ach 6% de thuismitheoirí Ghaelscoile iad. Ar an mórchóir is ainmfhocail chomónta i réimsí mar bhia nó dheoch, chodanna na colainne agus bheannaithe a bheadh leanaí a fhoghlaim atá i gceist sa dá ghrúpa.

Cumas agus Líonraí

Is léir ó liosta na suíomh úsáide go bhfuil deiseanna labhartha ag tuismitheoirí Ghaelscoile i gcomhthéacs na scoile féin agus i líonraí taobh amuigh den scoil nach bhfuil ag tuismitheoirí Ghnáthscoile. Dar le Ó Riagáin agus Ó Glisáin (1979) is iad ardúsáideoirí le hinniúlacht mhaith atá sna líonraí sóisialta taobh amuigh den scoil den chuid is mó.

Nuair a scrúdaítear cumas sna líonraí seo léirítear go bhfuil na tuismitheoirí Ghaelscoile a raibh líonraí sóisialta Gaeilge acu taobh amuigh den scoil ar ardúsáideoirí ag an leibhéal úsáide ‘go mion minic’ nó mar mheánúsáideoirí ag an leibhéal úsáide ‘anois is arís’ agus go bhfuil cumas cainteora dúchais ag a bhfurmhór. I measc na n-ardúsáideoirí tá cumas cainteora dúchais ag na tuismitheoirí go léir a labhraíonn Gaeilge le cairde, agus/nó le comhghleacaithe agus/nó le daoine aitheantais fad tá inniúlacht ‘cuid de chomhráite’ nó ‘an chuid is mó de chomhráite’ ag na tuismitheoirí a labhraíonn Gaeilge le gaolta agus/nó le daoine sa Ghaeltacht. Sa ghrúpa meánúsáide tá ‘cumas cainteora dúchais’ ag na tuismitheoirí go léir a labhraíonn Gaeilge le comhghleacaithe agus/nó le gaolta agus ag trian de na tuismitheoirí a labhraíonn Gaeilge le cairde fad tá an fuílleach anseo ar mheáninniúlacht.

Cumas agus Úsáideoirí Scoile

Léirítear i dTábla 3.4b (ar fáil in Aguisín A) nach bhfuil ardinniúlacht i measc na dtuismitheoirí a labhraíonn Gaeilge sa scoil. De na 14 tuismitheoir a labhraíonn Gaeilge le múinteoirí sa Ghaelscoil agus /nó ag imeachtaí scoile tuairiscíonn 21% díobh go bhfuil inniúlacht ‘beagán abairtí simplí’ acu, tuairiscíonn 57% díobh go bhfuil ‘cuid de chomhráite’ acu agus tá 21% eile in inmhe ‘an chuid is mó chomhráite’. Mar sin tá 78% ag an leibhéal ‘cuid de chomhráite’ ar a mhéad.

Cumas agus Ardúsáideoirí Baile

I dTábla 3.4c (le fáil in Aguisín A) léirítear nach bhfuil ach meáninniúlacht ‘cuid de chomhráite’ ar a mhéad freisin ag trí cheathrú den 20 freagróir a n-úsáidtear Gaeilge go minic nó go mion minic sa teach acu. Tá 15% ag an leibhéal ‘beagán abairtí simplí’, 60% in ann páirt a ghlacadh i ‘cuid de chomhráite’, 15% ar féidir leo ‘an chuid is mó de chomhráite’ a choinneáil ar siúl agus 10% le ‘cumas cainteora dúchais’.

Gaolta idir Scálaí Meoin, Cumas agus Úsáid

Léiríonn Tábla 3.5a thíos na comhchoibhnis le haghaidh na scálaí meoin éagsúla agus scálaí na n-athróg ‘cumas’, ‘úsáid’ agus ‘deis úsáide’. Léiríonn comhéifeacht chomhchoibhnis 0.50 go 0.99 gaol láidir, 0.30 go 0.50 gaol measartha agus 0.10 go 0.30 gaol lag.

Tábla 3.5a: scálaí meoin agus athróa cumas, úsáid agus deiseanna úsáide						
Comhchoibhnis Pearson						
Scálaí an Cheistneora	MLFG	DFG	DI	ST	ÚB	DÚ
Meon i leith fhoghlaim na Gaeilge MLFG						
Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge DFG	0.82889					
Déine an Inspreagtha DI	0.78303	0.81717				
Spreagadh Tuismitheoirí ST	0.38292	0.30751	0.44328			
Úsáid Bhaile ÚB	0.47478	0.58088	0.53929	0.17871		
Deiseanna Úsáide DÚ	0.54582	0.60886	0.55631	0.21659	0.82861	
Cumas	0.55138	0.68961	0.62717	0.18422	0.54115	0.64576

Is léir go bhfuil gaol láidir idir na trí scála meoin féin leis na luachanna comhchoibhnis eatarthu sa raon .78 go .82. Tá an gaol is ísle i measc na scálaí meoin idir Déine an Inspreagtha agus Meon i leith Fhoghlaim na Gaeilge (.78) rud a mbeifí ag súil leis. Níl ach meánghaol íseal idir Spreagadh Tuismitheoirí agus na scálaí meoin. Ciallaíonn sé sin nach bhfuair na freagróirí go léir le meonta dearfacha spreagadh óna dtuismitheoirí féin. Tá gaol lag ag Spreagadh Tuismitheoirí le Deiseanna Úsáide (.21) agus freisin le hÚsáid Bhaile (.17). Mar

sin ní bhfuair roinnt mhaith daoine atá ina n-ardúsáideoirí baile agus a fhaigheann méid mór deiseanna labhartha spreagadh óna dtuismitheoirí nuair a bhí siad ag foghlaim na Gaeilge.

Tá na comhchoibhnis do na scálaí meonta agus cumas agus úsáid ag leibhéal níos measartha ná na comhchoibhnis idir na scálaí meonta féin. I measc na meonta tá an gaol is láidre ag Úsáid Bhaile le Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge (.58) agus ansin le Déine an Inspreagtha (.54). Is iad na daoine a raibh dúil acu i bhfoghlaim na Gaeilge ar scoil agus a rinne iarracht léi is mó a úsáideann Gaeilge sa bhaile anois. Tá gaol an-láidir idir Úsáid Bhaile agus Deiseanna Úsáide (.83). Dá mhéad deiseanna úsáide sea is mó a úsáidtear Gaeilge sa bhaile.

Tá gaol láidir ag cumas leis na meonta, le húsáid bhaile agus le deiseanna mar a léirítear sa ró deireanach den tábla. Soiléiríonn an gaol láidir idir cumas agus deiseanna úsáide (.64) gur cosúil go bhfuil cainteoirí Gaeilge eile ar aithne ag tuismitheoirí ardinniúlachta.

Gaolta idir Scálaí Meoin, Cumas, Úsáid agus na hathróga cúlra

Cé gur athróg ainmniúil í inscne is féidir comhchoibhneas Pearson a úsáid léi mar níl ach dhá chatagóir inti. Sa staidéar seo roinntear an athróg ‘aois’ in dhá chatagóir tríd an meánluach (40 bliain) a úsáid mar tá an oiread céanna tuismitheoirí (timpeall 50) faoi agus ós cionn 40 bliain. Déantar dhá chatagóir den athróg ‘leibhéal oideachais’ freisin trí bhunoideachas agus mheánoideachas a chuimsiú in aon chatagóir amháin agus iarbhunoideachas agus oideachas iarchéime a chuimsiú sa chatagóir eile.

Tábla 3.5b: Comhchoibhnis shonraí na scálaí meoin, cumais, úsáide agus deiseanna le hathróra cúlra - inscne, aois, oideachas			
Comhchoibhnis Pearson			
Scálaí an Cheistneora	Inscne	Aois	Leibhéal Oideachais
Meon i leith fhoghlaim na Gaeilge MLFG	0.18625	0.10305	0.09279
Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge DFG	0.08852	0.13690	0.17549
Déine an Inspreagtha DI	0.06603	0.02747	0.03119
Spreagadh Tuismitheoirí ST	0.02389	-0.04972	0.17132
Úsáid Bhaile ÚB	0.01479	0.07599	0.09564
Deiseanna Úsáide DÚ	0.02226	0.03485	0.21319
Cumas	0.03929	0.20867	0.21219

Ní léirítear gaol cinnte sna luachanna Pearson $r < 0.10$. Tá gaol lag ag inscne le Meon i leith Foghlaim na Gaeilge (0.19). Mar sin tá meon beagán níos dearfaí i measc na máithreacha. Cé go bhfuil gaol ag cumas le haois (.21) tá sé lag. Mar sin tá roinnt mhaith tuismitheoirí óga ann le cumas ard. Mar an gcéanna tá cumas ard ag roinnt mhaith tuismitheoirí le hoideachas dara leibhéal mar atá léirithe arís ag an ngaol lag (.21).

Comparáid Mheonta idir an Ghaelscoil agus an Ghnáthscoil

Láithrítear meán rátálacha de na míreanna do gach scála den Deascán Trialach i dTábla 3.6 thíos. Tugann na meán rátálacha seo léargas ar cé chomh fabhrach atá gach grúpa tuismitheoirí i leith na constráide atá á tomhas ag gach scála. I gcás an ghrúpa go hiomlán tá an Meon i leith Foghlaim na Gaeilge (4.3) ag teacht

cóngarach do neodrach fad a luíonn an iarracht a rinneadh leis an bhfoghlaim ag an meánleibhéal. Tá na freagróirí beagán diúltach maidir le Dúil i bhFoghlaim na Gaeilge (1.7) agus ní bhfuair siad spreagadh dearfach óna dtuismitheoirí (3.9).

Tábla 3.6:Comparáid idir an Ghaelscoil agus an Gnáthscoil						
Meán Rátálacha de na Míreanna do na Scálaí *den Deascán Trialach						
Na Scálaí den Deascán Trialach	Íosráitíl, uasráitíl	Iomlán	Gaelscoil	Gnáthscoil	Difríocht	Luach -P
Meon i leith fhoghlaim na Gaeilge MLFG	(1,7)	4.3248	5.048	3.6157	1.4323	<.0001
Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge DFG	(1,3)	1.7188	1.938	1.5039	0.4341	<.0001
Déine an Inspreagtha DI	(1,3)	1.997	2.136	1.8608	0.2752	0.0028
Spreagadh Tuismitheoirí SP	(1,7)	3.8832	3.89	3.8765	0.0135	0.9593
* U míreanna i ngach scála =10						

Is léir go bhfuil meonta thuismitheoirí Ghaelscoile le linn a gcuid scolaíochta níos fabhraí ar an iomlán ná meonta thuismitheoirí Ghnáthscoile. Sa Ghaelscoil ba é 5, a d'fhéadfaí a ionannú le 'haontú lag' ar an scála, an meánscór le haghaidh Meon i leith fhoghlaim na Gaeilge, fad a bhí scór na Gnáthscoile (3.6) idir 'easaontú lag' agus 'neodrach'. Léiríonn na luachanna P <.0001 go bhfuil fianaise láidir ann go bhfuil difríocht shuntasach idir an Ghaelscoil agus an Ghnáthscoil maidir le Meon i leith fhoghlaim na Gaeilge.

Cé go bhfuil an difríocht níos lú (0.43) idir an dá scoil maidir le Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge mar sin féin tá sí fós suntasach. Ciallaíonn sé seo go raibh fonn níos mó ar thuismitheoirí na Gaelscoile Gaeilge a fhoghlaim ná a macasamhla sa Ghnáthscoil.

Cé go ndéanann tuismitheoirí Ghaelscoile iarracht nach bhfuil ach beagainín dearfach fad tá tuismitheoirí Ghnáthscoile achar beag níos lú ná an meánleibhéal iarrachta, tá difríocht shuntasach idir an dá ghrúpa maidir le Déine an Inspreagtha mar tá an luach $P < 0.01$. Ciallaíonn sé seo go ndearna tuismitheoirí Ghaelscoile níos mó iarrachta le foghlaim na Gaeilge.

Níl aon difríocht sa spreagadh a fuair na grúpaí óna dtuismitheoirí.

Sonraí Cáilíochtúla sa Cheist cheannoscailte faoi shuímh ina labhraítear Gaeilge

Sa cheist cheannoscailte faoi shuímh ina labhraítear Gaeilge i gCuid a 3 den Cheistneoir cuireadh isteach roinnt ráiteas cáilíochtúil le liosta na suíomh.

Nochtadh roinnt mothuchán diúltach i leith fhoghlaim na Gaeilge. Léiríodh go raibh suim i bhfoghlaim na Gaeilge ag daoine nach raibh ar ardinniúlacht ach d'ainneoin sin, ceal cumais nach raibh mórán measa orthu. Thuairiscigh tuismitheoirí Ghaelscoile amháin go ndeachaigh sí siar go dtí an leibhéal pas toisc nach raibh tacaíocht á fáil aici san ardchúrsa ach gur caitheadh i leataobh ansin freisin í agus murach múinteoir amháin a thug faoi ndear go raibh suim sa teanga aici nach mbeadh sí tar éis pas san Ardteist a fháil gan trácht ar onóir. Léiríodh freisin go raibh suim i bhfoghlaim na Gaeilge ag tuismitheoirí nár chuir a bpáistí chuig Gaelscoil agus cé gur caitheadh go neamhfhéireálta leo faoi dhígeantacht an chórais go bhfuil suim sa Ghaeilge fós acu. Thuairiscigh tuismitheoirí Ghnáthscoile mar seo leanas:

I would love to know more Irish. I had tried so hard to learn it at school but if you got an answer wrong the teacher put the fear of God in you. For that reason I grew to hate it. Thank God it's not like that anymore.

Nochtadh go bhfuil roinnt mhaith áiféala ar thuismitheoirí anois toisc nach bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt. Léirigh tuismitheoir Ghaelscoile amháin gurbh í an bhéim a cuireadh ar an gcultúr seachas ar scileanna cumarsáide faoi ndear a easpa inniúlachta anois:

As someone who suffered under the educational system of the 70's where Irish poetry and prose rather than conversational Irish was taught, I unfortunately have very little Irish. There are many times when I wish that I could speak it but I am a product of those times and that appalling system.

Is léir freisin an easpa féinmhuiníne atá mar iarmhairt ar an iomarca dúthrachta den chlár Gaeilge sa chóras oideachais. Bhí sé seo le feiceáil fiú maidir le labhairt na Gaeilge sa bhaile. Dúirt tuismitheoir Ghaelscoile go mbeadh sí i bhfad níos sásta labhairt le duine atá ag leibhéal cumais nach bhfuil ach beagán níos fearr ná a leibhéal féin ná labhairt lena céile agus lena leanaí atá araon ar ardinniúlacht i dtreo is 'nach mothódh sí go hamaideach'. Mar sin féin shonraigh sí go ndéanann sí iarracht Gaeilge a labhairt leo.

Tá roinnt mhaith fianaise den débhríocht idir cainteoirí inniúla agus iad siúd ar chumas íseal sna ráitis cháilíochtúla. Dúirt tuismitheoir amháin go labhraíonn sí Gaeilge sa bhaile agus le muinteoirí na Gaelscoile i dtreo is gur féidir leo cabhrú léi leis an ngramadach ach nach labhraíonn sí Gaeilge lena comhaoisithe a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu mar rinneadh cúis ghéara di nuair a bhí sí ag iarraidh Gaeilge a labhairt leo. Dúirt duine eile go seachnaíonn sí comhráite le cainteoirí Gaeilge líofa.

Cáineadh an caighdeán Gaeilge a gnóthaíodh i rith na scolaíochta freisin. Dúradh nach raibh caighdeán sách maith ag an bhfreagróir chun Gaeilge a úsáid in aon suíomh ar bith agus dúirt tuismitheoir eile gur fhoghlaim sí níos mó Gaeilge óna páiste ná mar a d'fhoghlaim sí ar scoil.

Nochtadh fianaise den idé-eolaíocht eitnichultúrtha sna tuairimí seo. Dúirt tuismitheoir Ghnáthscoile go raibh sé tábhachtach bheith in ann an Ghaeilge

a labhairt toisc í bheith mar theanga dhúchais na tíre ainneoin nach raibh mórán suime ag an bhfreagróir inti. Mhínigh sí mar seo é:

Maybe if it [an Ghaeilge] were made more interesting from the start I would have more interest in it now. I think it's very important to be able to speak our native language.

Léiríodh freisin gurbh í idé-eolaíocht na heitneachta faoi ndear fheabhsú an mheoin i gcás tuismitheora a chuir a leanaí chuig an Ghaelscoil. Cuireadh in iúl mar seo é:

In general Irish to me in school was taught very badly. Teachers had no patience. I'm Irish, our children go to an All-Irish school because now that I'm older I see the importance of our language and culture.

Is léir go bhfuil feasacht ar na noirm úsáide idirphearsanta i leith na Gaeilge i measc an dá ghrúpa tuismitheoirí. Luaigh tuismitheoir Ghnáthscoile go labhraíonn sí Gaeilge le duine aitheantais 'ar fearr léi labhairt as Gaeilge' agus labhraíonn tuismitheoir Ghaelscoile le cara 'a bhfuil fabhar aici leis an nGaeilge'.

Nochtadh fadhbanna maidir le heaspa cumais a bhí sonrath don Ghaelscoil amháin. Léiríodh conas mar a chuireann easpa cumais bac le haistriú uathoibríoch na Gaeilge ón nGaelscoil go dtí an baile. Thuairiscigh tuismitheoir amháin go n-insíonn na leanaí di faoi imeachtaí an lae ar scoil as Gaeilge ar dtús agus ansin go n-athinsíonn siad as Béarla iad ar eagla nach dtuigfeadh an tuismitheoir an scéal.

Sa Ghaelscoil freisin sonraíodh an deacracht atá le labhairt na Gaeilge atá ina teanga mhionlaigh i réimse ceann de na teangacha is mó ceannasaíocht ar domhan. Dúirt tuismitheoir amháin gur streachailt dhuaisiúil atá i gceist le labhairt na Gaeilge leis na leanaí de dheasca bheith timpeallaithe ag an mBéarla. Chuir roinnt mhaith tuismitheoirí béim ar an iarracht atá á déanamh acu chun Gaeilge a úsáid. Úsáideadh sleachta mar seo leanas: 'I would try and use as much Irish as I could at my daughter's school' agus arís 'I try and ask my children questions

about their day in Irish’ agus fós ‘I converse as Gaeilge with the teachers and at school events (not fluently but always make the effort)’.

Sonraí Cáilíochtúla na n-Agallamh

Tugtar léargas ar leith ar dhinimic na Gaeilge i ngnáthshuímh laethúla sna hagallaimh a reáchtáladh le seisear rannpháirtithe, triúr ó gach scoil. Nochtadh meonta faoin nGaeilge sa chóras oideachais, faoi láidreachtaí agus laigí na Gaeilge sa chóras oideachais i gcomhthéacs shaol laethúil na dtuismitheoirí anois, faoi athrú meoin i leith na Gaeilge agus ról meoin i roghnú oideachais sa Ghaeilge do leanaí. Tá liosta na gceisteanna in Aguisín C.

Bhí na meonta a tuairiscíodh ag teacht le sonraí na bhfreagróirí sa Cheistneoir.

D’achoirigh tuismitheoir Ghaelscoile amháin éifeacht na Gaeilge sa chóras oideachais á rá gur chabhraigh sí léi pas a fháil i scrúdú na hArdteistiméireachta sa chaoi is go bhfuil sí in ann cabhrú lena páistí anois chun an obair bhaile a dhéanamh ach nár chuir sí ar a cumas cumarsáid laethúil a dhéanamh le daoine. Tá an dearcadh seo fíor d’fhurmhór na dtuismitheoirí a cuireadh faoi agallamh.

D’úsáid gach rannpháirtí an focal ‘deacair’ maidir le foghlaim na Gaeilge ar scoil. Bhí dearcadh ann go raibh an caighdeán ró-ard agus nach ndearnadh iarracht na daltaí nach raibh bua teanga iontu a spreagadh. Léirigh tuismitheoir Ghnáthscoile go raibh an iomarca béime ar an ngramadach agus ar an scríbhneoireacht seachas ar scileanna cumarsáide. Mar sin féin tuigean tuismitheoir Ghaelscoile go bhfanann na sean téarmaí sa cheann níos fearr ná na téarmaí nua atá á bhfoghlaim aici, go dtagann an Ghaeilge scoile ar ais ach go n-imíonn na focail nuafhoghlamtha an lá ina dhiaidh.

Treoshuímh

Léiríodh tacaíocht idé-eolaíoch láidir don Ghaeilge sa Ghaelscoil. Luaigh freagróir an tábhacht chultúrtha agus eitneach atá leis an nGaeilge agus conas mar is féidir rochtain a fháil ar oidhreacht na tíre agus nasc a choinneáil leis an gcaite

tríd an teanga. Luadh comharthaíocht phoiblí go sonrath agus mheas an freagróir go bhfaightear léargas ar an stair nuair atáthar in ann brí na logainmneacha Gaeilge a thuiscint. Cheap an tuismitheoir seo go bhfuil sé tábhachtach nach mbeadh braistint ag a páistí go bhfuil siad i dtír iasachta agus iad laistigh dá dtír féin.

Léirigh tuismitheoir eile conas mar a thaispeánann sí na comharthaí sráide agus na comharthaí siopaí Gaeilge dá leanáí agus conas mar a bhí páiste amháin an-tógtha leis an gcomhartha ‘An Lár’ ar bhus Átha Cliath. Shonraigh an tuismitheoir go dteastaíonn uaithi go dtuigfeadh na leanáí go labhraíonn a lán daoine Gaeilge taobh amuigh den Ghaelscoil.

Rinne tuismitheoir Ghaelscoile eile ceangal sonrath idir an Ghaeilge agus an cultúr agus teastaíonn uaithi go mbeadh léirithuiscint don litríocht agus don teanga féin ag a páistí.

Chomh maith leis an treoshuíomh comhtháthaíoch, is cosúil go bhfuil fáth ionstraimeach, i bhfoirm féinachtála, i gceist le foghlaim na Gaeilge sa Ghaelscoil. Míníonn tuismitheoir amháin go bhfuil an-suim i dteangacha aici agus mura raibh cónaí uirthi in Éirinn go roghnódh sí tumoideachas i dteanga éigin eile dá leanáí ionas go mbeadh rochtain acu ar theangacha éagsúla.

Is léir go bhfuil tacaíocht don idé-eolaíocht eitneach i measc thuismitheoirí Ghnáthscoile freisin agus gurbh í an idé-eolaíocht seo faoi ndear athrú an mheoin ar bhreith clainne dóibh. Dúirt tuismitheoir amháin go bhfuil sí níos fabhraí don Ghaeilge anois ná mar a bhí sí ar scoil agus go bhfuil níos mó feasachta aici ar an nGaeilge mar shaoránach Éireannach go háirithe i gcomhthéacs an Chomhphobail Eorpaigh. Dúirt tuismitheoir eile nár thug sí aon aird ar an nGaeilge go dtí gur rugadh an chlann. Mhaígh tuismitheoir eile gur maith an rud é bheith in ann cúpla focal a rá as Gaeilge toisc gur cúis bhróid an teanga náisiúnta agus gur mór an tábhacht atá léi ó thaobh na féiniúlachta.

Mar sin féin tá aimhréir idir an tacaíocht idé-eolaíoch agus meonta eile a nochtadh. D’ainneoin a mhaíomh go bhfuil tábhacht leis an nGaeilge maidir le féiniúlacht náisiúnta cheap tuismitheoir gur chóir go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar iomlán roghnach ag an leibhéal iarbhunoideachais. Cheap freagróir eile go bhfuil tábhacht leis an nGaeilge mar shiombal na heitneachta i suímh thar lear ach measadh nárbh fhiú an t-am agus an iarracht a chaitheamh le foghlaim theanga d’fhonn í a úsáid ar corrocáid mar seo:

You could convince a child to learn a language so that if he found himself out in the middle of somewhere like Russia for example where they were speaking their language he could say a few words in his own language. But to me that reason alone is not enough to put hundreds of hours and lots of effort into learning the language.

Leagadh béim ar an treoshuíomh ionstraimeach sa Ghnáthscoil freisin. Léiríodh tuairim nach bhfuil an Ghaeilge úsáideach toisc gurb é an Béarla den chuid is mó atá i gceannas sa saol tráchtála:

If a child has a good vocabulary and can speak the language well, but then goes out into the broader society, he is unlikely to have a lot of use for the language. Maybe I look at things in a certain way in that the commercial world, the world that the child goes out into, is dominated largely by English.

TG4

D’ainneoin an dearcadh faoin easpa úsáideachta sa Ghaeilge a léiríodh sa Ghnáthscoil tá tuairim sa Ghaelscoil go bhfuil an dearcadh seo ag athrú. Bhraith tuismitheoir Ghaelscoile go bhfuil TG4 ag feabhsú bheogacht na Gaeilge agus ag cothú athrú sa dearcadh fuarchúiseach ina leith. Cé nár chreid tuismitheoirí Ghnáthscoile in inmharthanacht na Gaeilge mar sin féin léirítear tábhacht TG4 chun suim sa Ghaeilge a mhéadú. Tuairiscítear go bhfuil cláracha suimiúla ar an gcainéal seo agus go bhfuil tuismitheoirí ag breith roinnt focal Gaeilge leo go háirithe le cabhair na bhfotheideal. Shonraigh tuismitheoir amháin mar seo é: ‘You’re either listening to the Irish or there are subtitles in Irish so you are reading the Irish’.

Noirm Úsáide

Cruthaíonn na noirm úsáide deacracht ar leith do thuismitheoirí Ghaelscoile ag idirghníomhú le cairde nach labhraíonn Gaeilge. Nochtar nach nglactar le labhairt na Gaeilge idir thuismitheoir agus a páiste fad tá siad ag sóisialú i ngrúpa thuismitheoirí agus leanaí. Cúis amháin a léirítear leis ná easpa inniúlachta a bheith ag na páistí eile: ‘your kids can talk in Irish and our kids can’t’. Cuirtear i leith chainteoir na Gaeilge freisin nach bhfuil sí ach ag cur gothaí uirthi féin leis an nGaeilge:

It’s always like you’re showing off. And I’m saying ‘I’m not showing off. I’m just using it [an Ghaeilge]’.

Amuigh sa phobal mór tá doicheadall roimh úsáid na Gaeilge freisin. Thuairiscigh máthair amháin go mbraitheann sí go gceapann daoine gur díograiseoir atá inti agus í ag labhairt na Gaeilge lena páiste:

If we’re out and about I’d have no problem roaring at him ‘bí ciúin’ or ‘tóg bog é’. I would use those phrases all the time. And I know people are thinking ‘uh, uh, one of those!’.

Rogha Scoile

Bhí meon dearfach ag an triúr thuismitheoirí Ghaelscoile i leith na Gaeilge nuair a bhí siad ar scoil agus ba chúis áiféala do bheirt acu nach raibh deis labhartha sa Ghaeilge ar scoil acu. Theastaigh uathu nach mbeadh an taithí chéanna leis an nGaeilge ag a bpáistí agus a bhí acu féin ar scoil. Chiollaigh sé sin freisin nach mbeadh stró ag gabháil leis an bhfoghlaim agus go bhfoghlaimedh na páistí an Ghaeilge go nádúrtha, ‘beagnach i ngan fhios dóibh féin’. Cuirtear an-bhéim ar deis labhartha a bheith ar fáil, mar a mhínigh thuismitheoir amháin:

I definitely felt that I wanted my children to have a different experience of the language than what I had had. I wanted it to be a living, breathing language for them, something they could use in everyday life, not just something they’d have to do in school to pass an exam.

Léiríonn thuismitheoir eile gur oibrigh an tumoideachas a cuireadh uirthi féin an-tionchar ar an gcinneadh a leanaí a chur go Gaelscoil.

Léirítear freisin conas mar a éascaíonn an Ghaeilge éigeantach roghnú Gaelscoile do leanaí. Nochtadh an tuairim gurb é an láidreachta atá leis an nGaeilge sa chóras oideachais ná, toisc go bhfuil sí éigeantach, go bhfoghlaímíonn daoine roinnt mhaith di i gcaitheamh na tréimhse scolaíochta, fiú in aghaidh a dtola, agus ansin go bhfuil an teanga acu níos déanaí nuair atá gá léi, nó ar a laghad go dtagann sí ar ais chucu. Léiríonn tuismitheoir Ghaelscoile an nasc idir an Ghaeilge éigeantach agus an bunleibhéal inniúlachta atá chomh tábhachtach i roghnú Gaelscoile do leanaí mar seo leanas:

It makes you think that when you're exposed to so much of it through your fourteen years of school you actually do learn a lot of it, and it is there. And I have to say in fairness to the teachers they did actually leave some behind for you to remember. I mean my Irish is very bad now but I can still throw out a few sentences. I would say that it must be very hard to put your child into an All-Irish school when you have absolutely no Irish. Because its confusing for kids if they do it all day in school to come home and then nothing. But its very hard to continue it at home as well.

Aontaíonn tuismitheoir Ghnáthscoile go bhfuil ról tábhachtach ag cumas i roghnú Gaelscoile ach mar a fheictear di é, is chun cabhrú leis an obair bhaile agus ní ar bhonn úsáide sa teaghlach atá gá le hinniúlacht. Míníonn sí nach gcuirfeadh sí a leanaí chuig Gaelscoil toisc go mbeadh eagla uirthi go mbeadh foghlaim na leanaí sna hábhair eile thíos de dheasca gan í a bheith ábalta cabhair a thabhairt dóibh san obair bhaile.

Léiríonn máthair Ghaelscoile an leochaileacht a eascraíonn as easpa cumais maidir le leanaí atá ag fáil oideachas meán-Ghaeilge. Bíonn inní de shíor uirthi go gcaillfeadh na leanaí lá ón scoil agus go mbeidís chun deiridh sna scileanna cumarsáide agus sna téarmaí teicniúla le haghaidh na n-ábhar eile go háirithe toisc nach mbeadh sí ábalta cuidiú leo. Bíonn inní uirthi freisin toisc nach mbíonn sí in ann dóthain deiseanna labhartha a sholáthar dá leanaí sa bhaile i gcomparáid leis na deiseanna is féidir le tuismitheoirí ardinniúlachta a sholáthar.

I'm always worried if they miss a day from school for whatever reason because I'm terrified they're going to fall behind where Irish is concerned. And I think that if they were learning through English I probably wouldn't be as concerned. And I'm always a bit afraid that they're not getting the same opportunities as other children are to keep using the language.

Nochtar freisin go bhfuil ardmheas ar an gceannaireacht sa Ghaelscoil agus conas mar a chabhraíonn tacaíocht ón bpríomhoide chun inní faoi lagchumas an tuismitheora a mhaolú. Is léir freisin go bhfuil éiteas an-spreagúil agus neamhdhaorbhreithiúnach sa scoil.

Léirítear an bhéim a chuireann tuismitheoirí ar úsáid maidir le cothú scileanna cumarsáide. Sonraíonn freagróir conas a bhí uirthi an páiste a mhealladh chun an Ghaeilge a úsáid i dtreo is go rachadh sé i bhfeabhas á rá leis: ‘This is how you get good at Irish by speaking it and by practising it’.

Cuireann easpa cumais uasteorainn leis an úsáid bhaile freisin. De réir mar a théann na leanaí in aois agus in inniúlacht sáraíonn siad leibhéal chumas na dtuismitheoirí laginniúlachta. Mínítear nach bhfuil páiste, atá deich mbliana d’aois sásta labhairt a thuilleadh as Gaeilge leis an tuismitheoir toisc nach féidir leis an tuismitheoir comhrá as Gaeilge a choinneáil ar siúl agus dá thoradh go bhfuil iomarca iarrachta ag gabháil le labhairt na Gaeilge sa bhaile. Mar sin féin tá an páiste sásta labhairt as Gaeilge taobh amuigh den scoil lena cairde.

Léirítear nach gcinntíonn ardinniúlacht tuismitheora amháin go mbeidh leibhéal úsáide ard sa teaghlach. Mhínigh tuismitheoir ar ardinniúlacht nach n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh toisc gan leibhéal ard cumais ag an tuismitheoir eile.

Úsáid Bhaile

Sonraítear go ndéanann na tuismitheoirí tréaniarracht cúrsaí an lae a phlé as Gaeilge toisc go dtuigtear nach mbeadh frásaí áirithe nó téarmaí ag na leanaí ach amháin sa chomhthéacs teangeolaíoch inar tharla ábhar an scéil. Maítear freisin go n-éiríonn na páistí measctha má bhíonn na tuismitheoirí ag míniú obair bhaile as Béarla.

Léirítear an easpa comhalartachta atá riachtanach sa phatrún úsáide i measc lagúsáideoirí. Chun deireadh a chur leis an siondróm ‘I’m home from school now, we don’t have to speak Irish anymore’ sonraíonn tuismitheoir go raibh uirthi cur ina luí ar an bpáiste go raibh an Ghaeilge ann le haghaidh cumarsáide ginearálta agus go raibh sé riachtanach freagairt as Gaeilge. Soiléirítear freisin go bhfuil feasacht ag tuismitheoirí faoi chomh tábhachtach is atá sé freagra a thabhairt do na leanaí as Gaeilge mar go gcuirfeadh freagra as Béarla comhrá an pháiste ar neamhní tar éis na hiarrachta a rinne sé chun an scéal a insint as Gaeilge. Dúirt tuismitheoir ar laginniúlacht go spreagtar í chun freagra a thabhairt as Gaeilge sa chomhthéacs seo. ‘But if I answered in English it would take away the whole effort he had made to tell me the story in Irish’.

4. Plé agus Conclúid

Cumas, Úsáid agus Deiseanna

De réir tuairiscí de chumas féinmheasúnaithe tá tuairim is trí cheathrú de gach grúpa tuismitheoirí faoi seach, an grúpa ina iomláine san áireamh ar mheáninniúlacht i gcomparáid le 40% den daonra náisiúnta i suirbhé ITÉ 1993 atá ag an leibhéal céanna. Tá an Ghaelscoil chun tosaigh ar an daonra náisiúnta ag an uasleibhéal agus ag an íosleibhéal cumais freisin. Sa Ghnáthscoil, i gcomparáid leis an daonra náisiúnta, tá méadú de bheagnach 36% tagtha sa líon tuismitheoirí (53%) a bhfuil inniúlacht ‘beagán abairtí simplí’ acu. Fiú féin má táthar ag ionannú cumas labhartha agus cumas tuisceana a tharlaíonn, dar le CILAR (1975) de dheasca bheith i dtimpeallacht aonteangach, is cosúil go bhfuil feabhas tagtha ar chumas fulangach na dtuismitheoirí sa Ghnáthscoil. Mar sin féin níor léiríodh go raibh próifíl an-ard ag TG4 sna sonraí cáilíochtúla.

Tá an leibhéal úsáide níos fearr freisin i measc na dtuismitheoirí ná i measc an daonra náisiúnta. Úsáidtear Gaeilge sa teach ar a laghad ‘anois is arís’ ag 88% d’fhreagróirí Ghaelscoile agus ag 35% d’fhreagróirí Ghnáthscoile i gcomparáid le 13% den daonra náisiúnta a bhfuil an leibhéal céanna úsáide sa teach acu.

Caithfear a chur san áireamh gur tuismitheoirí go léir atá sa sampla seo agus go mbeadh obair bhaile mar chomhthéacs úsáide acu nach mbeadh ag an daonra náisiúnta go léir. Léirítear tábhacht na hoibre baile sa mhéid is go luann dhá thrian de thuismitheoirí Ghnáthscoile í mar shuíomh ina n-úsáidtear Gaeilge sa bhaile agus tá sí mar an t-aon chomhthéacs amháin d’úsáid na Gaeilge do 22 tuismitheoir (43%). Ar an lámh eile ní liostálann ach ceathrú de thuismitheoirí Ghaelscoile (12) obair bhaile, rud nach bhfuil ag teacht le fianaise na n-agallamh

ina léirítear go bhfuil na tuismitheoirí an-dírithe ar chabhrú leis an obair bhaile. D'fhéadfaí an easpa béime ar obair bhaile anseo a mhíniú leis an bhféidearthacht go bhfuil cumarsáid idirphearsanta seachas úsáid shuíomhúil mar choincheap úsáide i measc céatadán níos mó de thuismitheoirí na Gaelscoile. Sa mhéid is nár thuiriscigh aon fhreagróir ar ardinniúlacht sa Ghaelscoil obair bhaile mar chomhthéacs úsáidte na Gaeilge, cuirtear leis an tuairim seo.

Ní úsáideann tuismitheoirí Ghnáthscoile (22%) ach frásaí simplí sa bhaile. Ós a choinne sin tuairiscíonn 60% de thuismitheoirí Ghaelscoile go mbíonn siad ag caint as Gaeilge leis an gclann nó leis na leanaí go háirithe faoi chúrsaí scoile.

Léirítear go soiléir tábhacht na Gaelscoile chun úsáid bhaile a spreagadh agus soláthraíonn an Ghaelscoil féin comhthéacs úsáidte na Gaeilge i riocht deiseanna labhartha le múinteoirí agus tuismitheoirí eile maraon le himeachtaí scoile do bhreis is ceathrú de thuismitheoirí Ghaelscoile. Tá féidearthacht ann de líonraí sóisialta taobh amuigh den Ghaelscoil i bhfoirm gaolta, comhghleacaithe, agus daoine sa Ghaeltacht ag grúpa beag tuismitheoirí atá ar ardinniúlacht den chuid is mó. Tá cairde mar chomhthéacs úsáide ag 10% de thuismitheoirí Ghaelscoile ach níl aon fhianaise le fáil gurbh í an Ghaelscoil a d'éascaigh na líonraí sóisialta seo. Go ginearálta tá an céatadán de thuismitheoirí a d'fhéadfadh bheith gafa le líonraí sóisialta taobh amuigh den scoil íseal agus dá thoradh, faoi mar a léiríonn Ó Riagáin agus Ó Gliasáin (1979) tá níos mó tábhachta ag baint leis an nGaelscoil féin mar chomhthéacs úsáide agus mar áis chun cainteoirí Gaeilge a choinneáil i dteagmháil lena chéile do thromlach na dtuismitheoirí.

De na 14 tuismitheoir a labhraíonn Gaeilge sa Ghaelscoil tá breis is trí cheathrú nach bhfuil ach an inniúlacht 'cuid de chomhráite' ar a mhéad acu, rud a léiríonn gur dócha go bhfuil siad ag déanamh tréaniarracht chun an Ghaeilge a úsáid leis na múinteoirí agus/nó ag imeachtaí scoile. D'fhéadfadh éiteas na Gaelscoile féin bheith mar spreagadh na hiarrachta seo. Ba léir go raibh meas mór ag na tuismitheoirí ar cháilíocht na ceannaireachta sa scoil. Léirigh Ó Fathaigh (1991) freisin go raibh tionchar mór ag ceannaireacht na scoile i spreagadh meoin

dearfaigh i measc daltaí ar chumas níos lú ná an meán. Mar an gcéanna is cosúil go bhfuil tréaniarracht á déanamh ag roinnt tuismitheoirí sa bhaile. Níl trí cheathrú de na 20 ardúsáideoirí baile ach ag an leibhéal cumais ‘cuid de chomhráite’ ar a mhéad.

Gaolta idir Meonta, Cumas agus Úsáid

Le linn scolaíocht na bhfreagróirí dá dhearfacht Meon i leith Fhoghlaim na Gaeilge sea is dearfaí Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge agus is mó an iarracht a rinneadh. I measc na meonta féin tá an gaol is ísle idir Meon i leith Fhoghlaim na Gaeilge agus Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge, rud a thugann le fios go raibh díshondas idir fabhrachas ginearálta agus tacaíocht níos pearsanta. Faoi láthair is iad na freagróirí a raibh Dúil i bhfoghlaim na Gaeilge ar scoil acu agus a rinne iarracht leis an bhfoghlaim is mó a úsáideann Gaeilge sa bhaile. Freisin dá mhéad deiseanna úsáide a fhaightear anois sea is cosúla go n-úsáidtear Gaeilge sa bhaile. Soiléiríonn an gaol láidir idir cumas agus deiseanna úsáide gur cosúil go bhfuil cainteoirí Gaeilge eile ar aithne anois ag tuismitheoirí ar ardinniúlacht. Cuireann an gaol, atá ag an íostháirseach den rangú ‘láidir’ (.54) idir cumas agus úsáid in iúl go bhfuil roinnt tuismitheoirí nach bhfuil ar chumas ard ina n-ardúsáideoirí Gaeilge.

Tagann na sonraí cáilíochtúla leis an tuairim go léiríonn roinnt tuismitheoirí Ghaelscoile nach bhfuil ar ardinniúlacht an-tiomantas d’úsáid na Gaeilge sa bhaile. Mar sin féin nuair a chuirtear an úsáid seo i gcomhthéacs labhairt leis an gclann nó leis na leanaí a tharlaíonn i gcás 60% de thuismitheoirí i gcomparáid le labhairt le céile i gcás 6% díobh tuigtear nach bhfuil inmharthanacht san úsáid seo faoi mar atá léirithe ag Ó Riagáin agus Ó Gliasáin (1979).

Léiríonn na sonraí cáilíochtúla go leagtar an-bhéim ar an úsáid chun go bhfoghlaimoidh na leanaí Gaeilge. Tá féidearthacht ann mar sin gur ar mhaithe le gnóthachtáil na leanaí sa Ghaeilge atá an úsáid seachas chun teaghlaigh dhátheangacha a bhunú.

Tá dealramh air go n-éascaíonn an leibhéal íseal cumais atá ag na hardúsáideoirí baile seo aistriú na Gaeilge ón scoil go dtí an baile fad tá na leanaí óg ach de réir mar a sháraíonn na leanaí cumas na dtuismitheoirí éiríonn siad bréan de bheith ag déanamh iarrachta leis na tuismitheoirí agus éiríonn siad as labhairt na Gaeilge sa bhaile faoi mar a léiríodh i sonraí na n-agallamh. Mar sin féin is féidir a rá go bhfuil an Ghaeilge éigeantach ag éascú roghnú Gaelscoile dá leanaí i gcás roinnt tuismitheoirí nach bhfuil ar ardinniúlacht agus nach raibh ceangal láidir acu leis an nGaeilge nuair a bhí siad ar scoil. Sa chaoi seo tá sí ag tacú le cothabháil an ráta dhátheangachais sa tír faoi mar atá léirithe sa taighde.

Na Treoshuímh le Meon

Níor nochtadh leibhéal ard dearfachta i leith fhoghlaim na Gaeilge i measc aon ghrúpa tuismitheoirí nuair a bhí siad ar scoil. Mar sin féin léiríonn na sonraí cáilíochtúla gur tháinig athrú ar an meon i leith na Gaeilge agus gurbh é leathnú choincheap na Gaeilge chun idé-eolaíocht na heitneachta a chuimsiú is mó faoi ndear an athraithe.

Tá an tacaíocht idé-eolaíoch don Ghaeilge le sonrú i measc an dá ghrúpa tuismitheoirí. Sa Ghaelscoil léirítear feasacht eitnichultúrtha i ngnáthmhíniúcháin mhaireachtála laethúla. Léirítear suim sa Ghaeilge chun rochtain a sholáthar ar oidhreacht agus ar chultúr na tíre agus chun an tírdhreach teangeolaíoch le comharthaí poiblí agus logainmneacha Gaeilge a thuiscint. Thar aon ní eile leagtar béim ar úsáid na teanga mar mheán cumarsáide i gcúrsaí laethúla. Ós a choinne sin sa Ghnáthscoil tá díshondas idir coincheap na heitneachta agus an cleachtas teangeolaíoch atá ceangailte léi. Ar an gcéad dul síos ní fheictear go bhfuil feidhm leis an nGaeilge ach mar shiombal féiniúlachta chun idirdhealú dearfach a dhéanamh idir Éireannaigh agus grúpaí eile fad tá na hÉireannaigh thar lear, seachas i ngnáthchomhthéacsanna maireachtála laethúla. Tá dearcadh ann freisin nach gá an Ghaeilge a fhoghlaim ar son féiniúlachta Éireannaí agus gur chóir polasaí iomlán roghnach faoi fhoghlaim na Gaeilge a fheidhmiú. Feictear scoilt

freisin idir meon agus iompraíocht sa mhéid is go gcreidtear i dtábhacht na Gaeilge mar theanga náisiúnta cé nach bhfuil suim phearsanta inti.

Feictear treoshuíomh ionstraimeach sa dá ghrúpa freisin ach arís tá difríocht sna fáthanna a nochtar. Sa Ghaelscoil léirítear suim sa Ghaeilge chun gradam sóisialta i bhfoirm féinachtála trí bhíthin na Gaeilge a bhaint amach de bhrí go bhfuil suim ghinearálta ag an bhfreagróir i dteangacha. Is stádas eacnamaíochta atá taobh thiar den treoshuíomh ionstraimeach sa Ghnáthscoil agus feictear don bhfreagróir nach bhfuil sochar le fáil as labhairt na Gaeilge sa saol mór ach go háirithe sa saol tráchtála mar a bhfuil an Béarla i gceannas.

Ainneoin tacaíochta láidre d'idé-eolaíocht na heitneachta, caithfear a chur san áireamh gur i gcomhthéacs foghlama agus úsáidte na leanaí, seachas na dtuismitheoirí féin a léirítear an dearfach. Mar an gcéanna, is i dtéarmaí leanaí ag foghlaim na teanga a phléitear fóntachas na Gaeilge.

Is fiú an easpa feasachta faoi bheogacht na Gaeilge a nochtadh i measc thuismitheoirí Ghnáthscoile a chur san áireamh i mbeartais faoi phleanáil teanga agus deiseanna a phoibliú a leagfadh béim ar fhóntachas na teanga go háirithe i dtaca le féiniúlacht phearsanta. Mar an gcéanna bheadh sé úsáideach seifteanna a chur chun cinn a mhaolódh an díshondas idir idé-eolaíocht na féiniúlachta agus an cleachtas maireachtála pearsanta chun braistint ghnáthcúrsaí an lae a cheangal go nádúrtha leis an nGaeilge faoi mar atá molta ag an gCoiste Comhairleach Pleanála (1988).

Toisc líon na rannpháirtithe a bheith chomh híseal sa staidéar seo ní féidir na torthaí a ghinearálú. Mar sin féin faightear mionchuntas faoi mheonta tuismitheoirí agus faoi dhinimic úsáidte na Gaeilge le leanaí sa bhaile i measc an fhodhaonra seo. Beidh tábhacht le taighde faoi mheonta tuismitheoirí amach anseo ach go háirithe de dheasca an tiomantais don Ghaeilge éigeantach sa chóras oideachais atá athdhearbhaithe i Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006.

Leabharliosta

- An Coiste Comhairleach Pleanála 1988. *The Irish Language in a Changing Society: Shaping the Future*. Baile Átha Cliath : Bord na Gaeilge.
- An Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dtaobh na Gaeilge 1975. *Tuarascáil*. Baile Átha Cliath : Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.
- An Phríomhoifig Staidrimh. Census 2002 : Irish Language [Ar-líne]. Ar fáil ag: <http://www.cso.ie> [Aisghafa 28 Bealtaine 2007].
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Gaeilge don Teastas Sóisearach [Ar-líne]. Ar fáil ag: <http://82.195.132.34/index.asp?locID=427&docID=-1> [Aisghafa 12 Eanáir 2007].
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Gaeilge na hArdteistiméireachta [Ar-líne]. Ar fáil ag: <http://82.195.132.34/index.asp?locID=465&docID=-1> [Aisghafa 12 Eanáir 2007].
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999. *Primary School Curriculum. Gaeilge: Teanga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Baker, C. 1992. *Attitudes and Language*. Clevedon : Multilingual Matters.
- Bourhis, R.Y., Giles, H. agus Tajfel, H. Language as a determinant of Welsh identity. [Ar-líne]. *European Journal of Social Psychology* 3 (4) 447- 460. Ar fáil ag: EBSCO HOST <http://web.ebscohost.com.remote.library.dcu.ie/ehost/pdf?vid=3&hid=101&sid=bfbcb8f0-5801-4ebf-9449-63333abf06a1%40sessionmgr107> [Aisghafa : 28 Bealtaine 2007].
- Buttimer, N. agus Ní Annracháin, M. 2003. Irish language and literature, 1921-84 I: Hill, J.R. (eag.) *A New History of Ireland: Ireland 1921-1984* imleabhar VII. Oxford: Oxford University Press.
- Castellino, J. *Affirmative Action for the Protection of Linguistic Rights : An Analysis of International Human Rights: Legal Standerds in the Context of the Protection of the Irish Language* Dublin University Law Journal Imleabhar 25 2003.
- Coady, M. 2001. Attitudes Towards Bilingualism in Ireland. [Ar-Líne]. *Bilingual research Journal* 25 (1&2) 1-20. Ar fáil ag: <http://brj.asu.edu/v2512/pdf/ar4.pdf> [Aisghafa: 12 Bealtaine 2007].
- Coady, M. agus Ó Laoire, M. 2002. Mismatches in language policy and practice in education : The case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland. [Ar-líne]. *Language Policy* 1, 143-158. Ar fáil ag: SpringerLink <http://www.springerlink.com.remote.library.dcu.ie/content/bd9af6klk93e2x05/fulltext.pdf> [Aisghafa: 12 Bealtaine 2007].
- Cooper, R. L. 1989. *Language Planning and Social Change*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Cronin, M. *The Imaginary Gaeilgeoir*. Graph 16,17.
- Edwards, J. 1994. *Multilingualism*. Londain: Routledge.
- Gaelscoileanna 2001. *Gaelscoileanna : I dtreo a dtodhchaí*. (Pacáiste eolais). Baile Átha Cliath: Gaelscoileanna.
- Harris, J. agus Murtagh, L. 1999. *Teaching and learning Irish in primary schools*. Baile Átha Cliath : Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S. agus O’Gorman, M. 2006. *Irish in Primary Schools : Long-Term National Trends in Achievement*. Baile Átha Cliath : Oifig an tSoláthair.
- Hindley, R. 1990. *The Death of the Irish Language: A qualified obituary*. Londain: Routledge.
- Kelly, A. 2002. *Compulsory Irish : Language and Education in Ireland*. Baile Átha Cliath : Irish Academic Press.
- Lee, J.J. 1989. *Ireland 1912-1985: Politics and Society*. Eagrán 1995. Cambridge: Cambridge University Press.
- Mac Donnacha, J. 2000. An Integrated Language Planning Model. [Ar-Líne]. *Language Problems and language Planning* 24 (1). Ar fáil ag: Ingenta Connect <http://docserver.ingentaconnect.com/remote.library.dcu.ie/deliver/connect/jbp/02722690/v24n1/s2.pdf?expires=1187277280&id=39044711&titleid=4247&acname=Dublin+City+University&checksum=EC6D6E3636F09E9CEE2FF0B36EFDE269> [Aisghafa 28 Márta 2006].
- Mackey, W.F. 1977 *Irish Language Promotion: Potentials and Constraints*. Baile Átha Cliath : Institiúid Teangeolaíochta Éireann agus Bord na Gaeilge.
- MacNamara, J. 1966. *Bilingualism and Primary Education*. Edinburgh: Edinburgh University Press.
- May, S. 2000. Accomodating and Resisting Minority Language Policy : The Case of Wales. [Ar-Líne]. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 3 (2). Ar fáil ag: <http://www.multilingual-matters.net/beb/003/0101/beb0030101.pdf> [Aisghafa: 26 Márta 2007].
- Murtagh, L. 2003. *Retention and Attrition of Irish as a second Language*. Baile Átha Cliath : Lelia Murtagh.
- Neuman, W.L. 1991. *Social Research Methods : Qualitative and Quantitative Approaches* 6^ú heagrán. Boston: Pearson Education.
- Ó Buachalla, S. 1988. *Education Policy in Twentieth Century Ireland*. Baile Átha Cliath : Wolfhound Press.
- Ó Croidheáin, C. 2006. *Language from Below: The Irish Language, Ideology and Power in 20th Century Ireland*. Bern: Peter Lang.
- Ó Fathaigh, M. 1991. *Learning Irish in Second-Level Schools: Attitudes, Motivation and Achievement*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge.
- Ó Huallacháin, C. 1994. *The Irish and Irish: a sociolinguistic analysis of the relationship between a people and their language*. Baile Átha Cliath: Irish Franciscan Provincial Office.
- Ó Máille, T. 1990. *Stádas na Gaeilge: Meon Dlíthiúil*. Baile Átha Cliath : Bord na Gaeilge.
- Ó Riagáin, P. 1997. *Language Policy and Social Reproduction: Ireland 1893-1993*. Oxford : Clarendon Press.
- Ó Riagáin, P. agus Ó Gliasáin, M. 1979. *All-Irish Primary Schools in the Dublin Area: Report of a Sociological and Spatial Study of All-Irish-Medium Schools in the Greater Dublin Area, with special reference to their impact on Home and Social Network Use of Irish*. Baile Átha Cliath : Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Riagáin, P. agus Ó Gliasáin, M. 1994. *National Survey on Languages 1993 : Preliminary Report*. Baile Átha Cliath : Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

- Ó Riain, S. 1994. *Pleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985*. Baile Átha Cliath : Bord na Gaeilge.
- Rialtas na hÉireann 2006. *Ráiteas an Rialtais I leith na Gaeilge 2006*. [Ar-líne].
Ar fáil ag : <http://www.pobail.ie/en/MinistersSpeeches/htmltext.7768.en.html>
[Aisghafa: 10 Eanáir 2007].
- O'Rourke, B. 2005. *Attitudes towards Minority Languages : An investigation of Young People's Attitudes towards Irish and Galician* . Tráchtas PhD. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Titley, A. 2004. *How Did We Get Here From There I: Mac Murchaidh, C. (eag.) Who Needs Irish: Reflections on the Importance of the Irish Language Today*. Baile Átha Cliath: Veritas.
- Tovey, H., Hannan, D. agus Abramson, H. 1989. *Cad chuige an Ghaeilge?: Teanga agus Féiniúlacht in Éirinn ár Linne*. Baile Átha Cliath : Bord na Gaeilge.
- Tovey, H. agus Share, P. 2000. *A Sociology of Ireland*. 2adh heagrán. Baile Átha Cliath : Gill agus Macmillan.
- Watson, I. 2003. *Broadcasting in Irish: minority language, radio, television and identity*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Yin, R. K. 2003. *Case Study Research: Design and Methods* 3ú heagrán. Londain: Sage.

Aguisín A

Tábla 3.4b : Cumas Tuismitheoirí a úsáideann Gaeilge sa Ghaelscoil mar a thuairiscítear sa liosta suíomh Mír 4 Cuid a 3 den Cheistneoir	
Cumas	Céatadán Tuismitheoirí
	Grúpa úsáide sa scoil (u=14)
Gan Ghaeilge	
Focal nó dhó amháin	
Beagán abairtí simplí	21
Cuid de chomhráite	57
An chuid is mó de chomhráite	21
Cumas cainteora dúchais	

Tábla 3.4c Cumas Tuismitheoirí sa Ghaelscoil faoi Mhinicíocht Úsáide ag éinne sa teach mar a thuairiscítear i Mír 2 Cuid a 3 den Cheistneoir í				
Cumas	Céatadán Tuismitheoirí			
	Ardúsáid Go minic/Go mion minic (u=20)	Meánúsáid Anois is Arís (u=24)	Úsáid Íseal Go hAnnabh (u=4)	Neamhúsáid (u=2)
Gan Ghaeilge				
Focal nó dhó amháin		8.3	50	
Beagán abairtí simplí	15	33.3	50	50
Cuid de chomhráite	60	41.6		50
An chuid is mó de chomhráite	15	12.5		
Cumas cainteora dúchais	10	4.2		

Aguisín B

Ceistneoir

Leagan Gaeilge (aistriúchán)

CÚLRA

Aois

Inscne

Leibhéal Oideachais
(bunleibhéal, dara leibhéal, trí leibhéal, eile)

Teanga bhaile na hóige

Teanga theaghlaigh faoi láthair

An bhfuair tú bun-oideachas trí mheán na Gaeilge?

An bhfuair tú oideachas dara leibhéal trí mheán na Gaeilge?

Gairm bheatha

CUID A HAON
SA CHUID SEO CUIRTEAR CEISTEANNA ORT FAOIN TRÉIMHSE A
RAIBH TÚ AG FOGHLAIM NA GAEILGE.

Seo leanas tá líon áirithe raiteas. Aontaíonn daoine áirithe leo agus ní aontaíonn daoine eile. Bheadh sé go maith dá gcuirfeá in iúl do thuairim faoi gach ráiteas trí pé rogha thíos faoi a léiríonn cé chomh fada is a aontaíonn nó a easaontaíonn tú leis an ráiteas sin a chiorclú. Mar shampla:

Tá muintir na tuaithe níos cairdiúla ná muintir na cathrach.

Easaontú	Easaontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
	Aontú				
Tréan	Measartha	Lag		Lag	Measartha
	Tréan				

Chun an cheist seo a fhreagairt, ba chóir go mbeifeá tar éis rogha amháin thuas a chiorclú. Chiorclódh daoine áirithe Easaontú Tréan, chiorclódh daoine eile Aontú Tréan, agus chiorclódh daoine eile fós ceann de na roghanna eatarthu. Pé ceann a chiorclaíonn tú, cuireann sé do bhraistint féin in iúl bunaithe ar gach a bhfuil ar eolas agat agus ar gach a bhfuil cloiste agat.

AIRE: NÍL SÉ i gCEIST GO mBEADH FREAGRA CEART NÓ MÍCHEART.

AN RUD ATA TÁBHACHTACH NÁ GO gCUIRFEÁ DO BHRAISTINT FÉIN IN IÚL.

Do gach ceann de na fiche mír seo leanas, ba chóir go gcuirfeá in iúl do *chéad* bhraistint tar éis gach ráiteas a léamh. Ciorclaigh ceann de na seacht rogha led' thoil.

1. Rinne mo thuismitheoirí iarracht cabhrú liom le mo chuid Gaeilge.

Easaontú	Easaontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
	Aontú				
Tréan	Measartha	Lag		Lag	Measartha
	Tréan				

2. Ní raibh i bhfoghlaim na Gaeilge ach cur amú ama.

Easaontú	Easaontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
	Aontú				
Tréan	Measartha	Lag		Lag	Measartha
	Tréan				

3. Bhraith mo thuismitheoirí go raibh orm Gaeilge a fhoghlaim toisc go raibh cónaí orainn in Éirinn.

Easaontú	Easaontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
	Aontú				

Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha
-------	--------------------	-----	--	-----	-----------

4. **D'éirigh mé as staidéar na Gaeilge ar fad ar fhágáil na scoile dom mar ní raibh suim agam ann.**

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

5. **Bhraith mo thuismitheoirí gur chóir dom leanúint le foghlaim na Gaeilge fad a bhí mé ar scoil.**

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

6. **Spreag mo thuismitheoirí mé chun cabhair a fháil ón mhúinteoir agamsa nuair a bhí deacrachtaí agam le mo chuid Gaeilge.**

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

7. **Bhain mé an-taitneamh as foghlaim na Gaeilge.**

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

8. **Leag mo thuismitheoirí béim ar a thábhachtaí is a bheadh an Ghaeilge agam ar fhágáil na scoile dom.**

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

9. **Ba bhreá liom foghlaim na Gaeilge.**

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

10. Mheas mo thuismitheoirí gur chóir dom bheith tar éis tuilleadh ama a chaitheamh le staidéar na Ghaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

11. Ba chuid thábhachtach de chlár na scoile í an Ghaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

12. Spreag mo thuismitheoirí go mór mé chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

13. B'iontach bheith ag foghlaim na Gaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

14. Léirigh mo thuismitheoirí roinnt mhaith suime in aon rud a bhí bainteach le mo chúrsa Gaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

15. B'fhuath liom an Ghaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

16. Spreag mo thuismitheoirí mé chun a mhéad cleachtadh agus arbh fhéidir a fháil ar mo chuid Gaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
----------	-------------------	----------	----------	-------	-------

Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha
-------	--------------------	-----	--	-----	-----------

17. B'fhearr liom dá mbeinn tar éis mo chuid ama a chaitheamh le hábhair eile seachas Gaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

18. Cheap mé go raibh foghlaim na Gaeilge go leadránach.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

19. Bhraith mo thuismitheoirí gur chóir dom tréaniarracht a dhéanamh le foghlaim na Gaeilge.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

20. Bheartaigh mé an méid Gaeilge agus arbh fhéidir a fhoghlaim.

Easaontú	Easaontú Aontú	Easaontú	Neodrach	Aontú	Aontú
Tréan	Measartha Tréan	Lag		Lag	Measartha

CUID A DÓ
**TÁ AN CHUID SEO FREISIN BAINTEACH LEIS AN TRÉIMHSE A
RAIBH TÚ AG FOGHLAIM NA GAEILGE.**

Sa chuid seo ba chóir duit gach ceann de na míreanna seo leanas a fhreagairt trí litir an rogha is feiliúnaí agat (a, b nó c) a chiorclú nó a thiceáil.

1. **Maidir le hirísí agus nuachtáin Ghaeilge:**
 - a) Níor léigh mé riamh iad.
 - b) Níor léigh mé go minic iad.
 - c) Léigh mé iad chomh minic agus arbh fhéidir liom.

2. **Nuair a bhíodh amhrán Gaeilge ar an raidió:**
 - a) d'éistinn leis an gceol, gan aire a thabhairt ach do na focail éasca.
 - b) d'éistinn go cúramach agus dhéanainn iarracht na focail go léir a thuiscint.
 - c) d'athraínn an stáisiún.

3. **Nuair a bhí mé sa rang Gaeilge :**
 - a) thairg mé freagraí de mo dheoin féin a mhéad agus arbh fhéidir.
 - b) níor fhreagair mé ach na ceisteanna ab éasca.
 - c) ní dúirt mé faic riamh.

4. **Dá mbeadh teaghlaigh a labhraíodh Gaeilge sa chomharsanacht :**
 - a) ní labhródh mé Gaeilge riamh leo.
 - b) labhróinn Gaeilge leo uaireanta.
 - c) labhróinn Gaeilge a mhéad agus arbh fhéidir leo.

5. **Dá mbeadh deis ann freastal ar dhráma as Gaeilge:**
 - a) ní rachainn ach amháin nuair nach mbeadh aon rud eile le déanamh agam.
 - b) rachainn ann go cinnte.
 - c) ní rachainn ar chor ar bith.

6. **Maidir le cláracha Gaeilge ar an teilifís:**
 - a) rinne mé iarracht féachaint orthu go minic.
 - b) d'fhéach mé orthu anois is arís.
 - c) níor fhéach mé riamh orthu.

7. **Dá mba rud é go raibh club Gaeilge sa scoil agamsa:**
 - a) rachainn go cruinnithe anois is arís.
 - b) bheadh an-suim agam bheith i mo bhall ann.
 - c) cinnte ní bheinn i mo bhall.

8. **Smaoinigh mé go fuinniúil faoi cad a bhí foghlamtha agam sa rang Gaeilge:**
 - a) go mion minic.
 - b) ar éigean.
 - c) anois is arís.

9. **Dá mbeadh sé fúm Gaeilge a roghnú nó gan a roghnú:**
 - a) d'éireoinn aisti.

- b) roghnóinn í cinnte .
 c) níl fhios agam an roghnóinn í nó nach roghnóinn í.
10. **Ag cur san áireamh conas mar a rinne mé staidéar ar an nGaeilge, is féidir liom a rá go macánta :**
 a) go ndearna mé dóthain chun cúis a dhéanamh.
 b) bheartaigh mé pas a fháil de thairbhe áidh nó éirime mar is beag oibre a rinne mé
 c) rinne mé sár-iarracht an Ghaeilge a fhoghlaim.
11. **Nuair a bhí deacracht agam ábhar foghlama éigin a thuiscint sa rang Gaeilge :**
 a) d'iarr mé cabhair láithreach ar an múinteoir.
 b) níor lorg mé cabhair ach amháin roimh scrúdú.
 c) níor bhac mé leis.
12. **D'fhéach mé ar chláracha Gaeilge teilifíse nó d'éist mé le cláracha Gaeilge raidio:**
 a) uaireanta
 b) chomh minic agus arbh fhéidir
 c) riamh.
13. **Bhraith mé, maidir le foghlaim na Gaeilge:**
 a) nach raibh sí suimiúil ar chor ar bith.
 b) nach raibh sí níos suimiúla ná an chuid ba mhó de na hábhair eile.
 c) go raibh sí an-suimiúil.
14. **Muna mbeadh Gaeilge á múineadh sa scoil :**
 a) d'fhoghlaiméoinn í trí chúrsaí an lae (m.sh.trí leabhair agus nuachtáin Ghaeilge a léamh, trí iarracht a dhéanamh í a labhairt aon uair arbh fhéidir é srl...).
 b) dhéanfainn iarracht ranganna Gaeilge a fháil in áit éigin eile.
 c) ní bhacfaínn le Gaeilge a fhoghlaim ar chor ar bith.
15. **I gcomparáid le hábhair eile:**
 a) ba í an Ghaeilge is mó a thaitin liom.
 b) thaitin an Ghaeilge liom a mhéad is a thaitin na hábhair eile liom.
 c) ba í an Ghaeilge is lú a thaitin liom.
16. **Dá mbeadh duine ag teastáil ón mhúinteoir le haghaidh tasc Gaeilge breise:**
 a) cinnte ní thairgfeadh mé é a dhéanamh .
 b) thairgfeadh mé go cinnte.
 c) ní thairgfeadh mé ach amháin dá n-iarrfadh an múinteoir orm go díreach.
17. **Sa rang Gaeilge, ba mhaith liom:**
 a) dá labhrófaí meascán de Ghaeilge agus Bhéarla.
 b) dá labhrófaí an oiread Gaeilge agus arbh fhéidir.
 c) dá labhrófaí Gaeilge amháin.

18. Tar éis dom na tascanna a fháil ar ais :

- a) d'athscríobh mé iad i gcónaí agus cheartaigh mé na botúin.
- b) chaith mé ar leataobh iad agus rinne mé dearmad orthu.
- c) thug mé sracshúil orthu ach níor bhac mé leis na botúin a cheartú.

19. Dá mbeadh deis agam Gaeilge a labhairt taobh amuigh den scoil:

- a) ní labhróinn riamh í.
- b) labhróinn í den chuid is mó agus ní úsáidfinn Béarla ach amháin nuair nach mbeadh dul as.
- c) labhróinn í anois is arís agus d'úsáidfinn Béarla gach uair arbh fhéidir.

20. Maidir le hobair bhaile Ghaeilge :

- a) rinne mé roinnt iarrachta ach ní dhearna mé oireadh agus arbh fhéidir liom.
- b) d'oibrigh mé go haireach ag déanamh cinnte gur thuigh mé gach rud.
- c) ní dhearna mé ach sciurd a thabhairt fuithi.

CUID A TRÍ
SA CHUID SEO CUIRTEAR CEISTEANNA ORT MAR GHEALL AR DO
THAITHÍ LE GAEILGE ANOIS

Cuirtear roinnt ceisteanna ort anois maidir leat féin agus an Ghaeilge faoi láthair.

1. Conas a chuirfeá síos ar do chumas Gaeilge a *labhairt*? Déan an bosca cuí a thiceáil led' thoil.

- (i) Gan Ghaeilge
- (ii) Focal nó dhó amháin
- (iii) Beagán abairtí simplí
- (iv) Cuid de chomhráite
- (v) An chuid is mó de chomhráite
- (vi) Cumas cainteora dúchais

2. Cé chomh minic, más riamh a labhraíonn éinne sa teach agatsa Gaeilge faoi láthair? Déan an bosca cuí a thiceáil led' thoil.

- (i) Go mion minic
- (ii) Go minic
- (iii) Anois is arís
- (iv) Go hAnnamh
- (v) Ní labhraíonn éinne Gaeilge riamh.

3. I gcaitheamh na bliana seo caite cé mhéid deiseanna a bhí agat Gaeilge a labhairt? Déan an bosca cuí a thiceáil led' thoil.

(i) Deis ar bith

(ii) Fíorbheagán

(iii) Beagán

(iv) Roinnt mhaith

(v) Méid mór

4. Céard iad na suímh ina n-úsáideann tú Gaeilge? Tabhair sonraí led' thoil.

Aguisín C

Ceisteanna Agallaimh

1. Cén tuairim atá agat maidir le foghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais?
2. Ag cuimhneamh siar chomh fada le do laethanta scoile féin, conas a bhraith tú faoi bheith ag foghlaim na Gaeilge?
3. Bunaithe ar conas mar a úsáideann tú Gaeilge ó fhágáil na scoile duit, cérbh iad láidreachtaí an chláir um fhoghlaim na Gaeilge agatsa, dar leat?
4. Agus arís i gcomhthéacs na Gaeilge mar a úsáideann tú anois í, cérbh iad na laigí a bhí ag gabháil leis an gclár trínar fhoghlaim tú Gaeilge?
5. Cén athrú, más ann dó, atá tagtha ar do mheon i leith fhoghlaim na Gaeilge ón uair a d'fhág tú an scoil? Cathain a d'athraigh do mheon? Cad a d'oibrigh tionchar ar do mheon chun é a athrú?
6. Maidir le roghnú Gaelscoile seachas bunscoile le hoideachas trí mheán an Bhéarla le haghaidh do pháiste, cé tionchar, más ann dó, a d'oibrigh do mheon i leith fhoghlaim na Gaeilge ar do rogha cineáil scoile, i gcomparáid leis na tionchair eile ar do rogha ag an am?

Nó

Maidir le roghnú bunscoile le hoideachas trí mheán an Bhéarla seachas Gaelscoile le haghaidh do pháiste, cé tionchar, más ann dó, a d'oibrigh do mheon i leith fhoghlaim na Gaeilge ar do rogha cineáil scoile, i gcomparáid leis na tionchair eile ar do rogha ag an am?